

ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil 2023

**FOGHLAIM
GNÓTHAIG
ÉIRIGH LEAT**

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOÁC DL	2
Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Cuid 1 – Forbhreathnú agus Bord	5
1.1 Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	5
1.2 Bord Bainistíochta	5
1.3 An Coiste Airgeadais	10
Cuid 2 – An Eagraíocht	14
2.1 Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta (OSD).....	14
2.2 Foirgnimh	16
2.3 Seirbhísí Corparáideacha	19
2.4 Acmhainní Daonna.....	20
2.5 Roinn Airgeadais.....	21
2.6 Teicneolaíocht Faisnéise.....	24
2.7 Achoimre Airgeadais	27
Cuid 3 – Scoileanna, Óige agus FET	28
3.1 Bunscoileanna – Pobalscoileanna Náisiúnta.....	28
3.2 Socruithe Aonaid Choinneála agus Chúraim Speisialta	30
3.3 Iarbhunscoil – Coláistí Pobail agus Gaelcholáistí	32
3.4 Seirbhísí Óige agus Forbartha Spóirt	42
3.5 Breisoideachas agus Oiliúint.....	44
3.6 Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta.....	51
Cuid 4 - Príomhchaidrimh	53
AGUISÍNÍ	56

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOÁCDL

Mar Chathaoirleach, agus thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL), tá lúchair orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 BOOÁCDL a chur i láthair a thugann forbhreathnú ar an raon cuimsitheach gníomhaíochtaí a chuir scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOÁCDL ar fáil le linn 2023. Mar cheann de na BOOanna is mó sa tír, tá BOOÁCDL ag freastal ar dhaonra atá ag fás agus atá éagsúil ó thaobh eitneachta de agus a chuimsíonn go leor cultúir. Tá os cionn 865,000 duine sa cheantar agus is ionann sin agus breis is 17% den daonra náisiúnta agus os cionn 60% de dhaonra réigiún Bhaile Átha Cliath de réir na sonraí daonáirimh is déanaí. Agus an tuarascáil seo á hathbheithniú, is léir go bhfuil tionchar an-dearfach ag obair BOOÁCDL san earnáil oideachais ar shaol ár bhfoghlaimoirí de gach aois agus cúlra.

Léiríonn na táirgí insoláthartha a leagtar béim orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo fás agus éabhlóid leanúnach na heagraíochta le linn 2023. Táimid fós ag díriú ar ár seirbhísí a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar na riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag teacht chun cinn dár bhfoghlaimoirí agus don phobal i gcoitinne agus ag an am céanna, bealaí chuig breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas agus fostaíocht a sholáthar dár bhfoghlaimoirí. Tá BOOÁCDL ag tnúth le leanúint ar aghaidh le ról lárnach a bheith aige i bhforbairt agus i seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí nuálacha, éifeachtacha agus dírithe ar an todhchaí dár bhfoghlaimoirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Le linn 2023, chuir BOOÁCDL roinnt cuspóirí straitéiseacha ó Straitéis 2022 – 2026 ar fáil agus táimid ag tnúth le cuspóirí straitéiseacha breise a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe ár bhfoghlaimoirí le linn 2024 agus ina dhiaidh sin.

Ní fhéadfaí aon cheann de na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa tuarascáil seo a dhéanamh gan an fhoireann chumasach, oilte agus thiomanta ag BOOÁCDL. Mar Chathaoirleach, molaim an obair atá déanta ar an Tuarascáil Bhliantúil seo agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Bhord BOOÁCDL, an feidhmeannach agus an fhoireann ar fud na heagraíochta, a leanann ar aghaidh le raon eisceachtúil seirbhísí agus tacaíochtaí a chur ar fáil dár bhfoghlaimoirí iontacha.

An Clr. Charlie O'Connor

Cathaoirleach

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil 2023 seo iarrachtaí agus éachtaí ó chroí na foirne ar fud BOOÁCDL le linn bliana eisceachtúil fáis eile. Tá tuairiscí faighte ag an mBord i rith na bliana ar an ngníomhaíocht i scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí ina bhfuil mionsonraí ar an obair atá déanta chun sármhaitheas an teagaisc agus na foghlama a chinntiú i rith na bliana i ngach comhthéacs.

Sna scoileanna, tá méadú tagtha arís ar líon na mac léinn, le 20,647 dalta i tríocha haon (31) iar-bhunscoil, ceithre Ghaelcholáistí ina measc. Inár bpobalscoileanna náisiúnta, tá 3,299 dalta i naoi (9) mbunscoil, dhá (2) scoil aonad cúraim speisialta, scoil náisiúnta pobail speisialta amháin (1), agus scoil amháin (1) in ionad coinneála leanaí. In 2023, tháinig an Phobalscoil Athshlánaithe Náisiúnta faoi phátrúnacht BOOÁCDL.

Tá an obair ag dul ar aghaidh ar fud líonra na scoileanna chun tacaíocht a chinntiú ón BOO agus ó líonraí príomhoidí, leas-phríomhoidí, oideachas speisialta, DEIS, treoirchomhairleoirí, foghlaim dhigiteach agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí eile.

Leanann Seirbhísí Óige ar aghaidh ag bainistiú, ag maoiniú agus ag tacú le seirbhísí do thart ar 9524 duine óg sna trí chontae, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Leanadh lenár bhfeidhmchlár Music Generation i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara in 2023.

Chuir BOOÁCDL breisoideachas agus oiliúint (FET) ar fáil do bheagnach 26,112 foghlaimeoir nó 39,331 tairbhí in 2023. Chothaigh roinnt clár FET líon na bhfoghlaimeoirí nó tháinig méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí, mar shampla, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Printíseachtaí agus Scileanna chun Dul Chun Cinn a dhéanamh, mar gheall ar an éileamh ar dhul chun cinn oideachais nó ar uas-sciliú agus athoiliúint gairme. Is pribhléid é an sár-obair atá déanta ag breis is 4,500 ball foirne a fheiceáil a leanann orthu le smaointe nua a chur lena rannpháirtíocht le mic léinn, le foghlaimeoirí agus le cliaint.

Aithníonn an tuarascáil seo an freagra iontach a thug foireann uile BOOÁCDL ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus a dtiomantas don éiteas agus na traidisiúin is fearr sa tseirbhís phoiblí, sa teagasc agus san fhoghlaim in 2023.

Tá Ráiteas Straitéise 2022-2026 BOOÁCDL á chur i bhfeidhm i gcónaí chun saolta a athrú trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht a chumasú dár bhfoghlaimoirí rathúlacht a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor. Táimid buíoch as tacaíocht Bhord BOOÁCDL agus iad ag obair chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a chinntiú do phobal an BOO seo. Tugaimid ómós do chomhalta Boird Gerry McGuire a cailleadh ar 12 Márta 2023. Aithnímid a dhílseacht, a thiomantas agus a dhianobair a rinne sé le linn na mblianta ar fad a chaith sé ag obair ar BOOÁCDL agus Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath.

Caitriona Murphy

Príomhfheidhmeannach BOOÁCDL

Cuid 1 – Forbhreathnú agus Bord

1.1 Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Átha Cliath Theas, Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Chomhairle Chontae Fhine Gall. Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid ná a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.

1.2 Bord Bainistíochta

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a dhéanann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12(2) den Acht um an mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad na cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar ghnóthaí an Bhoird. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord: (a) na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an BOO a ullmhú (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama (c) aon

imeachtaí ábhartha ó na polasaithe cuntasáíochta caighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú Le linn 2023, d'fhormheas an Bord na doiciméid seo a leanas:

- An Tuarascáil Bhliantúil a ghlacadh
- Ráitis Airgeadais
- An Plean Seirbhíse a ghlacadh
- Tinreamh údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha
- Faomhadh talamh nó leas a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt de réir rialacháin na Roinne Oideachais.
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

Cruinnithe an Bhoird

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana, agus leagtar sonraí faoin tinreamh amach sa tábla thíos.

Comhdhéanamh Bhord an BOO agus Tinreamh ar Chruinnithe 2023										
Ainm Chomhalta an Choiste	Comhlacht Ainmniúcháin	an 17 Eanáir 2023	an 27 Feabhra 2023	an 27 Márta 2023	an 15 Bealtaine 2023	an 19 Meitheamh 2023	an 18 Meán Fómhair 2023	an 16 Deireadh Fómhair 2023	an 21 Samhain 2023	Líon Iomlán na gCruinnithe ar Ar Freastalaíodh orthu
An Clr. Kazi Ahmed	Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
Comhairleoir Michael Clark	Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	✓	6/8
An Comhairleoir Yvonne Collins	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
Ken Farrell	Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
Anne Genockey	AONTAS	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	7/8

Daneve Harris	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	7/8
An Comhairleoir Pamela Kearns	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	✓	✓	X	✓	✓	✓	X	✓	6/8
Colm Kilgallon	AONTAS	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	6/8
An Comhairleoir Brigid Manton	Comhairle Contae Fhine Gall	✓	✓	X	✓	✓	✓	X	✓	6/8
Claire Markey	Foireann	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
*Gerry McGuire	Comhlachas Éireann	✓	---	---	---	---	---	---	---	---
Paul McNally	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	X	✓	X	X	✓	✓	X	✓	4/8
An Comhairleoir Charlie O'Connor	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
Brendan O'Halloran	Foireann	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
An Comhairleoir Una Power	Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	X	X	X	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	0/3

An Comhairleoir Pamela Conroy	Comhairle Contae Fhine Gall	X	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	5/8
An Comhairleoir Cathal Boland	Comhairle Contae Fhine Gall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	7/8
An Comhairleoir John Walsh	Comhairle Contae Fhine Gall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
Susan Duffy	Comhchomhlacht Bainistíochta	✓	X	✓	✓	X	X	✓	X	4/8
An Comhairleoir Liam Sinclair	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	N/B	N/B	N/B	✓	X	✓	X	X	2/5
An Clr Siobhan Shovlin	Comhairle Contae Fhine Gall	N/B	X	✓	✓	X	✓	X	✓	4/8
An Comhairleoir Kate Ruddock	Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	N/B	N/B	N/B	X	✓	✓	✓	X	3/5

*Tugann brollach an Phríomhfheidhmeanaigh ar leathanach 3 ómós dár iar-chomhghleacaí Gerry McGuire

1.3 An Coiste Airgeadais

Cruinnithe an Choiste

Le linn 2023, tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire, agus leagtar sonraí faoin tinreamh amach sa tábla thíos.

Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais agus tinreamh ar chruinnithe 2023						
Comhalta		an 22 Feabhra 2023	an 23 Márta 2023	an 24 Bealtaine 2023	an 11 Deireadh Fómhair 2023	Líon Iomlán na gCruinnithe ar Ar Freastalaíodh orthu
*Gerry McGuire (Cathaoirleach – Meán Fómhair 2019 go Márta 2023)	Comhalta Inmheánach	---	---	---	---	---
Colm Kilgallon (Cathaoirleach - Márta 2023 ar aghaidh)	Comhalta Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4
Catherine Doran	Comhalta Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
Catherine Bruen	Comhalta Seachtrach	✓	✓	X	✓	3/4
Claire Markey	Comhalta Inmheánach	✓	✓	✓	✓	4/4

*Tugann brollach an Phríomhfheidhmeanaigh ar leathanach 3 ómós dár iar-chomhghleacaí Gerry McGuire

Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

I rith 2023, tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huair, agus leagtar aonraí faoin tinreamh amach sa tábla thíos.

Comhdhéanamh an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus tinreamh ar chruinnithe 2023								
Comhalta		an 15 Feabhra 2023	an 9 Márta 2023	an 22 Márta 2023	an 20 Iúil 2023	an 22 Meán Fómhair 2023	an 29 Samhain 2023	Líon lomlán na gCruinnithe ar Ar Freastalaíodh orthu
Alan Connolly	Comhalta Seachtrach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6/6
Gillian Doherty (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach	✓	✓	✓	✓	✓	X	5/6
Daneve Harris	Comhalta Inmheánach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6/6
Áine Murphy	Comhalta Seachtrach	X	✓	✓	✓	X	✓	4/6
An Comhairleoir Cathal Boland	Comhalta Inmheánach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6/6
Comhairleoir Michael Clark	Comhalta Inmheánach	✓	✓	X	✓	X	X	3/6

Bainistíochta Riosca

Coinníonn an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, bearta maolaithe gaolmhara agus go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtacht na mbeart sin le linn 2023. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord ina fheidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARC&C agus ar aon iniúchadh seachtrach ar nós iniúchadh ESF agus nó Iniúchtaí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír sheasta í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear na nithe seo a leanas le breithniú:

- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann cheannaireachta shinsearach (SLT)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúcháireachta

Tá sonraí ar na príomhrioscaí agus na bearta nó na straitéisí maolaithe a bhaineann leo san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córais Rialaithe Inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go gcríochnaítear an t-iniúchadh seachtrach, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a fhoilseofar laistigh de mhí tar éis é a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha faoi bhráid an Aire.

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go gcloíonn an eagraíocht leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an mbeartas agus nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Cáin

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Ráitis Airgeadais

Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do na blianta dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don ARC&C iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:

- Mionsonraí na dtáillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird arna anailísiú de réir catagóire táillí.
- Mionsonraí comhiomlán cúitimh na bpríomhbhainistíocht arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán.
- Tuarastail agus sochair fostaithe gearrthéarmacha de shochair iarfhostaíochta
- Sochair foirceanta
- Cúiteamh bainistíochta tábhachtach más ann dó
- Sonraí ar an líon fostaithe ar thit a sochair fostaithe iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 os a chionn agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlán.

Sínithe ag:



Dáta:

20 May 2024

An Clr. Charlie O'Connor, Cathaoirleach, BOOÁCDL

Cuid 2 – An Eagraíocht

2.1 Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta (OSD)



Seachadann an fhoireann Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OSD) na seirbhísí neamhfhoghlama atá riachtanach chun cabhrú le hoideachasóirí agus le hoiliúnóirí díriú ar sholáthar seirbhísí díreacha d'fhoghlaimoirí chun a chinntiú go bhfuil eispéireas foghlama ardchaighdeán acu. Soláthraíonn an fhoireann OSD na seirbhísí seo ar fud na heagraíochta trí chúig phríomhréimse feidhme atá comhdhéanta d'ocht n-aonad feidhme san iomlán, a bhfuil sainchúram leathan acu ar fad, agus atá riachtanach chun comhlíonadh agus cur i bhfeidhm an chóid chleachtais a chinntiú do rialachas na BOOanna. Ina theannta sin, cinntíonn foireann an OSD go gcomhlíonann BOOÁCDL na ceanglais reachtúla go léir faoin raon fairsing reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar na BOOanna.

Soláthraíonn an fhoireann OSD tacaíocht riaracháin do thart ar 4,500 ball foirne i Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus seirbhísí ar fud gach suíomh BOOÁCDL. Is príomhghné insoláthartha don fhoireann seo na struchtúir agus na córais chuí a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheabhsú go leanúnach chun seirbhísí den chaighdeán is airde a bhaint amach ar fud na heagraíochta fad is a dhéanann siad a ndícheall i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna, airgeadais agus bonneagair iomchuí atá riachtanach chun Straitéis BOOÁCDL 2022 – 2026 a sheachadadh i bhfeidhm.

Foireann Fheidhmiúil	AD	TF	Foirgnimh	Seirbhísí Corparáideacha	Airgeadas
Seirbhísí Corparáideacha	Pleanáil Acmhainní agus Leithdháileadh agus Úsáid Múinteoirí	Suiteáil agus bainistiú Bonneagair TF	Móroibreacha agus mionoibreacha Caipitil agus deisiúchán	Rialachas Corparáideach	Bainistíocht Airgeadais, Buiséadú agus Tuairisciú
	Earcaíocht	Cibearshlándáil	Réadmhaoine faoi úinéireacht agus ar léas BOOÁCDL a chothabháil agus a bhainistiú	Seirbhísí do Chustaiméirí	Ráiteas airgeadais bliantúil agus ráiteas faoi rialuithe inmheánacha a ullmhú
	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	Bainistiú ar chórais ar an láthair agus ar chórais néalbhunaithe	Scéim Oibreacha Éigeandála	Cosaint Sonraí / Saoráil Faisnéise	Éilimh CSE a bhainistiú
	Riarachán Párolla agus Pinsin	Bainistíocht ar sholáthar agus seachfhoinsiú TFC	Scéim Oibreacha Samhraidh	Acht na dTeangacha Oifigiúla	Comhordú ar iniúchtaí AE, C&AG agus IAU
	Bainistíocht Neamhláithreachta agus Riarachán Saoire Reachtúla	Athshlánú ó Thubaiste	Cóiríocht shealadach a sholáthar	Cumarsáid, Meáin Chumarsáide & Brandáil	Earraí agus Seirbhísí a Sholáthar
	Caidreamh Foirne	Deasc Chabhrach TF	Foirgnimh nua a chur ar fáil	Sláinte & Sábháilteacht	Creidiúnaithe agus Íocaíochtaí Deontais, Párollaí Foghlaimoírí agus Printíseach agus Taisteal agus Cothú
	Oiliúint & Forbairt Foirne	Oiliúint	Síntí le foirgnimh a chur i bhfeidhm	Árachas & Riosca	Teagmháil a dhéanamh le BOOÉ, OSR agus EPS maidir le creataí náisiúnta

2.2 Foirgnimh

Tá dhá aonad ar leith i Roinn na bhFoirgneamh, an tAonad Foirgnimh & Maoine agus an tAonad Foirgnimh & Tionscadal Caipitil. Oibríonn na haonaid seo le chéile chun raon seirbhísí a sholáthar chun tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgnimh agus Maoine ar fáil in 2023 bhí:

- Tacú le agus oibriú le foirne teicniúla inmheánacha agus seachtracha chun tionscadail chaipitil, oibreacha samhraidh & éigeandála, athchóirithe, cóiríocht mhodúlach agus oibreacha feistiúcháin a sheachadadh.
- Riar iomlán a sholáthar do gach tionscadal foirgníochta agus réadmhaoine, ó chéim an choincheapa go dtí na híocaíochtaí deiridh & costais clabhsúir.
- Soláthar seirbhísí riachtanacha foirgníochta, seirbhísí meicniúla & leictreacha, agus riachtanais chothabhála ghinearálta de réir na gceanglas reachtúil ábhartha go léir.
- Gach ábhar maoine/talamh a bhainistiú de réir threoirlínte na RO agus an Rialtais
- Léasanna/ceadúnais a idirbheartú do na tailte/foirgnimh ábhartha uile de chuid BOOÁCDL
- Oibriú le gníomhairí tráchtála agus le haturnaetha chun áitribh nua ar léas a fháil.
- Oibriú trínár dtailte go léir a chlárú leis an Údarás Clárúcháin Maoine
- Comhaontuithe leibhéal seirbhíse (SLAanna) a sheachadadh le comhphátrúin na n-ionad spóirt/na Scoileanna
- Mol na bhfoirgneamh a bhainistiú agus córais TF a chur chun cinn le haghaidh bainistíocht tionscadail laistigh dár Roinn.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgnimh & Tionscadal Caipitil ar fáil in 2023 bhí:

- An chóiríocht mhodúlach atá de dhíth ar ár scoileanna dá n-iontráil mac léinn an 23 Meán Fómhair a sheachadadh ag:
 - Coláiste Pobail na Gráinsí
 - Gaelcholáiste Reachrann
 - Coláiste Pobail Bhaile Brigín
 - Coláiste Pobail Eriú
 - Pobalscoil Náisiúnta Thamhlachta
 - Pobalscoil Náisiúnta Mhóinéar Leathan

- Dul chun cinn agus seachadadh foirgneamh nua caipitil scoile ar mhórsála agus síntí a bhainistiú trí gach céim den chlár oibreacha caipitil ag:
 - Coláiste Pobail Leamhcáin
 - Coláiste Pobail Fóla
 - Gaelcholáiste Reachrann
 - Coláiste Pobail Bhaile Brigín
 - Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín
 - Coláiste Pobail an Ghrifín
 - Coláiste Chilliaín
 - Pobalscoil Náisiúnta Mhóinéar Leathan
 - Pobalscoil Speisialta Danú
 - PN Ghleann na hAbhann
 - Coláiste Pobail na Gráinsí
 - Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

- Obair ar gach obair ionaid Breisoideachais Oiliúna (FET) a chur chun cinn agus a sheachadadh, lena n-áirítear:
 - Críochnú spásanna printíseachta leictreacha nua ag Ionad Oiliúna Bhaile Dúill agus ag Ionad Oiliúna Thamhlachta.
 - Foireann Dearaidh a cheapadh le haghaidh spásanna printíseachta leictreacha nua ag Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin.
 - Máistirphleanáil mhionsonraithe do SIUF nua ag AES Chluain Dolcáin.
 - Athsholáthar díon iomlán ar rannóg oideachais aosaigh Choláiste Pobail na nGlaschnoc.
 - Obair athchóirithe agus feabhsúcháin ar Theach Burgundy, Sord.
 - Oibreacha suntasacha athchóirithe dín ag Institiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe agus Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin.

- Iarratais mhionsonraithe a tháirgeadh do thionscadail mhóra agus mhiontionscadail, maoirsiú a dhéanamh ar iarratais agus iarratais ar mhaoiniú a chur chun cinn sna hearnálacha scoile agus breisoideachais araon.

- Tionscadail oibreacha samhraidh ag:
 - Coláiste Cois Life
 - Coláiste Pobail Naomh Caoimhín

- Creat cothabhála ar innealtóireacht mheicniúil a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú lenár scoileanna & ár n-ionaid dul i ngleic le saincheistean agus dul i ngleic leo go tráthúil.

- Oibriú le Scoileanna agus Ionaid chun córais slándála atá cothrom le dáta a fheabhsú agus a shuiteáil.
- Foilsíodh Straitéis Eastáit FET mionsonraithe do gach réadmhaoín atá faoi úinéireacht agus ar léas ag BOOÁCDL.
- Foilsíodh Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide de réir gach riachtanas rialtais agus an SEAI.
- Ionchur mionsonraithe foirgníochta & réadmhaoine i réamh-chás gnó Choláiste na Todhchaí.
- Oibriú le Solas agus gníomhairí Eastáit chun suíomh a fháil i Sord do Choláiste nua na todhchaí.

Cód Caiteachais Phoiblí

Thacaigh Grúpa Dearbhaithe Cáilíochta BOOÁCDL (Grúpa DC) le BOOÁCDL maidir le measúnú, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar thionscadail/cláir chaipitiúla de réir Ciorclán 13/13 DPER agus ciorclán nuashonraithe 18/19. Tá an grúpa comhdhéanta de cheathrar ball ó Aonad Bainistíochta & Soláthair an Chisteáin, an tAonad Íocaíochtaí, an Oifig Gnóthaí Poiblí, agus Stiúrthóir OSD

Inbhuanaitheacht

Gan dabht tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá i ndán don ghluin seo. Beidh ról ceannaireachta ag an earnáil poiblí maidir le gníomh forleathan ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud a cuid foirgneamh, iompair, dramhaíola agus úsáide fuinnimh, chomh maith leis an tsochaí i gcoitinne. Áireofar leis sin astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030 agus an feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil poiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030, chomh maith le litearthacht aeráide a mhéadú san earnáil poiblí, soláthar poiblí glas a chur chun feidhme agus iarfheistiú foirgnimh na hearnála poiblí (Treochlár Teicniúil um Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile 2023 go 2030. An tAistriú go Neodracht a Dhéanamh inár Scoileanna 2023).

Tugann Treochlár BOOÁCDL um Gníomhú ar son na hAeráide achoimre ar na pleananna chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, astaíochtaí GCT a laghdú agus réitigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le hathrú aeráide ar fud na heagraíochta. Tá BOOÁCDL tiomanta don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí a oiliúint maidir lenár bhfreagrachtaí um gníomhú aeráide agus ceannaireacht agus treoir a sholáthar ar conas na spriocanna riachtanacha 2030 agus 2050 a bhaint amach. Trí leanúint leis an Treochlár seo, táthar ag súil go mbeidh BOOÁCDL in ann na spriocanna seo a bhaint amach.

Is é Treochlár BOOÁCDL um Gníomhú ar son na hAeráide an chéad eagrán agus déanfar é a nuashonrú go bliantúil de réir bheartais agus spriocanna an Rialtais. Tá sé mar aidhm aige an dul chun cinn go dtí seo a léiriú, bearnaí sna spriocanna a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Chomh maith le forbheathnú a sholáthar ar spriocanna gníomhaíochta BOOÁCDL ar son na haeráide, leagann an doiciméad seo struchtúir rialachais agus bealaí oibre BOOÁCDL amach, leagann sé amach na bearta a rinneadh go dtí seo, bearnaí maidir leis na spriocanna a bhaint amach, agus cuireann sé plan i láthair chun na spriocanna riachtanacha aeráide a bhaint amach. Déanfaidh leaganacha den doiciméad seo amach anseo monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach. Tá BOOÁCDL, le tacaíocht ón bhFoireann Ghlais atá beartaithe, tiomanta do dhícharbónú a mhéadú, Gáis Cheaptha Teasa (GHG) a laghdú agus réitigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le hathrú aeráide ar fud na heagraíochta.

2.3 Seirbhísí Corparáideacha

Lean Roinn na Seirbhísí Corparáideacha de bheith ag tacú leis an eagraíocht lena chinntiú go gcomhlíontar roinnt riachtanas rialála agus reachtaíochta agus tacaíonn sí le seachadadh seirbhísí sna réimsí seo a leanas:

- Seirbhísí do Chustaiméirí
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Cúnamh Deontais do Ghrúpaí
- Sláinte & Sábháilteacht
- Árachas & Riosca
- Dílíthiúil
- Na Meáin Chumarsáide & Brandáil & Cumarsáid.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Bainistíocht Beartais
- Pátrúnacht Scoile agus Próiseas Dífheistithe
- Oiliúint

Soláthraíodh Oiliúint Seirbhíse do Chustaiméirí don fhoireann ar fad ag leibhéal bainistíochta ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go leanann cleachtais seirbhíse custaiméara i BOOÁCDL de bheith ar ardchaighdeán le scileanna réitithe coinbhleachta a fheabhsú & géarú gearán a laghdú.

Leathnaigh Seirbhísí úsáid an Chórais Faisnéise Bainistíochta um Chomhlíonadh chun oiliúint RGCS/Cosaint Sonraí & Cibearshlándaíl a sheachadadh, rud a d'fhág go raibh

méadú ar leibhéal feasachta agus comhlíonta ar fud na heagraíochta. In 2023, seachadadh 8 modúl oiliúna do bhreis is 3600 ball foirne.

Forbraíodh modúl oiliúna Comhionannais chun cabhrú le cur chun cinn agus feasacht ar reachtaíocht chomhionannais chun a chinntiú go gcloíonn gach ball foirne BOOÁCDL le reachtaíocht comhionannais i seachadadh seirbhísí BOOÁCDL go léir. Bainfear úsáid as comhpháirt oiliúna an Chórais Faisnéise Bainistíochta um Chomhlíonadh chun an oiliúint seo a eisiúint chuig gach ball foirne BOOÁCDL in 2024.

Athdhearadh suíomh gréasáin BOOÁCDL agus nuashonraíodh é chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais athraitheacha custaiméirí BOOÁCDL. Feabhsaíodh an suíomh gréasáin trí uirlis inrochtaineachta a shuiteáil, ag cinntiú go bhfuil sé inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ag an am céanna, ceanglais Threoir an AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a chomhlíonadh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Thug an leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla roinnt forálacha nua isteach mar cheanglais éigeantacha, lena n-áirítear fógraíocht i nGaeilge agus i mBéarla. Éilítear ar Sheirbhísí Corparáideacha tuairisciú don Choimisinéir Teanga ar fhógraíocht i nGaeilge ar fud na heagraíochta gach bliain, tá an riachtanas seo curtha in iúl do gach Príomhoide/Bainisteoir/Bainisteoir Ionaid agus cuirfear tús leis an tuairisciú in 2024.

Rinne Seirbhísí Corparáideacha seiceálacha comhlíonta ar chomharthaíocht agus ar stáiseanóireacht chorparáideach i scoileanna/ionaid chun comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla a chinntiú agus thug siad aghaidh ar shaincheistean na n-áirítear a tháinig siad chun cinn. Cuireadh tacaíocht ar fáil do scoileanna/ionaid/ranna le seirbhísí aistriúcháin chun comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla a chinntiú maidir le foilseacháin, tuarascálacha, miontuairiscí.

Rinneadh athbhreithniú eile ar an suíomh gréasáin chun a chinntiú go gcloíff le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

2.4 Acmhainní Daonna

Cuimsíonn an Roinn Acmhainní Daonna Seirbhísí AD agus Bainistíocht Oibríochtaí AD, ag obair i gcomhar le chéile chun tacú leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna i BOOÁCDL.

Tacaíonn an Roinn Acmhainní Daonna le foireann BOOÁCDL sna réimsí seo a leanas:

- Pleanáil agus Leithdháileadh Foirne
- Earcaíocht agus Roghnú
- Téarmaí agus Coinníollacha Conarthaí Fostaíochta
- Córais Faisnéise Bainistíochta AD - AD Core, Tairseach Core, Pinsean Core, Foirmeacha Éilimh do Mhúinteoirí Páirtaimseartha (PTTCF) agus folúntais BOO
- Riarachán Pá
- Bainistíocht ar Thinreamh
- Leas & Sochair Fostaithe
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Seirbhísí Pinsin
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Caidreamh Fostaithe
- AD/Pá/Rialachas Pinsin agus Comhlíonadh Rialála.

Foireann agus Párolla

Bliain	Líon Fostaithe	Costas Párolla
2019	4,036	€143,440,782
2020	3,838	€150,609,050
2021	4210	€162,409,389
2022	4487	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin
2023	4645	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin

2.5 Roinn Airgeadais

Tá dhá rannóg sa Roinn Acmhainní Airgeadais, an Rannóg Íocaíochta agus an Rannóg Bainistíochta & Soláthair Cistíochta.

Leanadh le leathnú na seirbhísí faoi rolladh amach an ghrúpa cobhsaithe ar Sun Financials le linn 2023 le Seirbhísí Oideachais Gnó Roinnte (ESBS). Cuireadh an t-aistriú chuig Córas Bainistíochta Airgeadais amháin ar aghaidh le forbairt an Chórais Íocaíochtaí Conraithe.

Lean an Rannóg Íocaíochta ar aghaidh ag tacú le gach scoil agus ionad i rith na bliana sna réimsí seo a leanas:

- Creidiúnaithe
- Párolla Foghlaimeora
- Párolla Printíseachta
- Taisteal agus Cothabháil
- Ceannach le haghaidh Ionaid Oiliúna.

Íocaíochtaí Creidiúnaithe			
Cur Síos	Luach 2021	Luach 2022	Luach 2023
Líon na nIdirbheart	31,977	39,610	36,621
Luach Iomlán an Chaiteachais Neamhphá	€76,218,935.26	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin.	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin.

Íocaíochtaí Foghlaimeora (Ionad Oiliúna)

	Líon na n-íocaíochtaí 2021	Líon na n-íocaíochtaí 2022	Líon na n-íocaíochtaí in 2023
TAPS DN/DW	0		
TAPS DS	0		
*Printísigh	5,310	7,881	8,468
**Foghlaimeoirí	18,227	29,418	39,854
IOMLÁN	23,537	37,299	48,322

* Íoctar printísigh ar bhonn coicíse.

** Tá CPCC agus SDOG/Youthreach san áireamh i bhfigiúirí Foghlaimeoirí ó Mhárta 2022

SDOG/Ógtheagmháil

	Líon na n-íocaíochtaí 2021	Líon na n-íocaíochtaí 2022	Líon na n-íocaíochtaí in 2023
Oiliúnacht CPCC	189	48	0
Liúntais SDOG	9,276	1,781	0
Liúntais Ógtheagmhála	9,851	1,363	0
IOMLÁN	19,316	3,192	0

Lean an Rannóg Bainistíochta & Soláthair Cistíochta ag tacú le scoileanna agus ionaid sna nithe seo a leanas:

- Baincéireacht
- Buiséadú
- Tuairisciú airgeadais
- Soláthar

Chuir Bainistíocht Chisteáin na nithe seo a leanas ar fáil freisin:

- Tuairisciú airgeadais,
- Éilimh CSE a bhainistiú,
- Iníúchtaí AE, ARC&C, agus IAU a chomhordú.
- Ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú.
- Lean an rannóg soláthair le tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus d'ionaid ar sholáthar earraí agus seirbhísí le húsáid laistigh de BOOÁCDL. I measc na seirbhísí a sholáthraíonn an t-aonad seo tá:
 - Soláthar earraí agus seirbhísí de réir polasaithe agus nósanna imeachta.
 - Bainistíocht conartha.
 - Idirchaidreamh le BOOÉ, OGP agus EPS maidir le creataí náisiúnta.
 - Oiliúint.

Tá BOOÁCDL ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo a fhreagrachtaí uile maidir le rialacháin soláthair a chomhlíonadh.

Anailís Neamhchomhlíonta


Bliain	Luach
2019	€2,405,596 (Gan CBL a bheith san áireamh)
2020	€2,165,111 (Gan CBL a bheith san áireamh)
2021	€ 2,846,967 (Gan CBL a bheith san áireamh)
2022	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin
2023	Faoi réir iniúchta. Beidh sé ar fáil le breathnú air ar ár suíomh gréasáin

2.6 Teicneolaíocht Faisnéise

In 2023 díródh go príomha ar Chibearshlándaíl, soláthar a bhaineann le TFC agus Coláiste FET na Todhchaí.

Lean an rannóg TFC freisin lena gnáthfhócas ar thacú le teagasc agus foghlaim chomh maith le riarachán agus rialachas gaolmhar ar fud ár scoileanna, ár gcoláistí, ár n-ionaid agus seirbhísí FET.

- Réitigh TFC a sheachadadh le béim ar thacaíocht do thionscnaimh Digital Connect 'Ag Ceangal le Daoine chun Foghlaim a Fheabhsú do Chách'.
- Tá ár 2^ú agus 3^ú tionscadal DEIS CONNECT ar siúl i 2 mheánscoil, lena n-áirítear acmhainní/forbairt ETIM, gléasanna, tacaíocht agus oiliúint agus forbairt.



Coláiste FET na Todhchaí

Tá an Roinn TFC ag obair le comhghleacaithe FET chun bonneagar cuí TFC & Digiteach a fhorbairt a thacóidh le coláiste FET na todhchaí. Is coincheap é coláiste FET na todhchaí a shamhlaíonn bealach nua chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a sheachadadh a bheidh dírithe ar an bhfoghlaimeoir, solúbtha, cuimsitheach, nuálaíoch, ábhartha agus dearbhaithe cáilíochta.

Cibearshlándáil

- Ag obair i dtreo an Bhunchaighdeáin um Chibearshlándáil a chur i bhfeidhm.
- Críochnaíodh cleachtadh fioscaireachta BOOÁCDL sa cheathrú ráithe de 2023.
- Bainistíocht saolré úsáideoirí ar fud ardáin BOOÁCDL.

Soláthar a Bhaineann le TFC

- Conarthaí agus creataí TFC a bhainistiú. Is iad Gléasanna Soghluaiste, Ríomhairí Pearsanta, Córais Faisnéise Bainistíochta Scoile, Bonneagar Priontála, Bonneagar AV, Bonneagar M365 agus Bonneagar Gan Sreang na réimsí caiteachais is airde fós.
- Cuireadh tús le creat Guth & Sonraí Soghluaiste (MVD) agus aistríodh thart ar 300 ball foirne chuig Fóin Chliste nua lena n-áireofar cibearshlándáil fheabhsaithe.

- Críochnaíodh creat bonneagair AV le caiteachas réamh-mheasta de €2.5m thar 5 bliana - Imscaradh os cionn 200 scáileán Clevertouch do chomharthaíocht dhigiteach néalbhainistithe agus úsáid an tseomra ranga go dtí seo.
- Críochnaíodh creat Gléas mar Sheirbhís (DAAS) mar thionscadal píolótach i scoil 2^ú leibhéal - Seo an chéad uair a cuireadh rogha gléasanna soghluaiste ar cíós ar fáil.

Tacaíocht

Oibríonn an rannóg TFC go dlúth lena comh-Ranna OSD chun raon seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar.

Cuirtear tacaíocht ar fáil don fhoireann, do mhic léinn agus d'fhoghlaimoirí uile ar fud Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí FET i mbreis agus 80 ionad.

- Bonneagar, suiteáil agus bainistiú córais TFC.
- Ghin Tacaíocht TF ó lá go lá 7167 ticéad deasc chabhrach in 2023.

Bliain	Uimhir Ticéid ar dTús	Uimhir Ticéid faoi Dheireadh	Iomlán
2013	1	489	489
2014	490	2483	1993
2015	2484	4303	1819
2016	4304	6564	2260
2017	6565	9655	3090
2018	9656	13947	4291
2019	13948	19006	5058
2020	19007	26192	7185
2021	26193	34170	7977
2022	34171	42087	7916
2023	42088	49255	7167

- Leanadh le tacaíocht don fhoghlaim chumaisc don chianobair, lena n-áirítear imscaradh 2720 gléas soghluaiste & ríomhaire pearsanta agus ag cur lenár 1900 pointe rochtana gan sreang agus 782 néalchlódóir.

	PC	Ríomhaire glúine	Freastalaí	Stáisiún oibre	Chrome-book	iPad	Mac	Píolótach 2 ^ú Láimhe	Iomlán
Iomlán 2022	489	1007	3	69	84	918	92	48	2710
Iomlán 2023	859	1091	0	65	46	471	51	137	2720

2.7 Achoimre Airgeadais

Tá BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire maoinithe go príomha ag an Roinn Oideachais (RO) chun a bhunscoileanna agus a scoileanna dara leibhéal a sholáthar.

Maoiníonn SOLAS agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) cláir bhreisoideachais agus oiliúna.

In 2023, chuir ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais maoiniú ar fáil do thionscadail freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.
- An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- An Roinn Sláinte.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí.
- Pobal
- Tusla
- Comhairle Contae Fhine Gall

Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don ARC&C iad a shíniú.

Cuid 3 – Scoileanna, Óige agus FET

3.1 Bunscoileanna – Pobalscoileanna Náisiúnta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire ina phátrún ar naoi bPobalscoil Náisiúnta, Pobalscoil Speisialta amháin, agus le déanaí, ina Phátrún ar an bPobalscoil Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire. Tá éiteas il-sainchreidmheach ag na scoileanna seo a bhfuil cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca aige: Sármhaitheas san Oideachas, Cúram, Comhionannas, Pobal agus Meas.

Do Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, is deis agus dúshlán é ár rannpháirtíocht san oideachas bunscoile in Éirinn. Sainthréith ar leith de gach Pobalscoil Náisiúnta is ea an nádúr cuimsitheach atá iontu. Éiríonn le cáilíocht an oideachais agus an deis chun a ullmhú don saol i sochaí ilchreidmheach agus ilchultúrtha leanaí a tharraingt ó gach cúlra chuig múnla PSN. Tá fás tagtha ar mhúnla na bPobalscoil Náisiúnta le roinnt blianta anuas trí scoileanna nua a bhunú i réimsí ina bhfuil fás déimeagrafach ann chomh maith le hathchumrú na scoileanna atá ann cheana ina bPobalscoileanna Náisiúnta.

Scoileanna Náisiúnta trí phróiseas aistrithe pátrúnachta scoile.

Tá níos mó tuismitheoirí ag iarraidh ar an Stát níos mó roghanna a sholáthar do chineálacha scoile seachas múnlaí aonchreidmheacha. Tá éileamh méadaitheach in Éirinn freisin ar bhunscoileanna a bhainistítear go poiblí iad mar go dtí seo, bhí siad maoinithe go poiblí ach á mbainistiú go príobháideach. Freastalaíonn forbairt mhúnla na Pobalscoile Náisiúnta ar an dá éileamh agus léiríonn sé éabhlóid an-spreagúil a bhfuil an-fháilte roimpi in oideachas na hÉireann.

Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire fáilte roimh aistriú na Pátrúnachta ón scoil Our Lady of Lourdes san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire go scoil an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin Pobail (NCHS). Freastalaíonn an NRCHS ar leanaí agus daoine óga atá ag tabhairt faoi shainseirbhísí casta athshlánúcháin, mar thoradh ar thimpiste, tinnis, nó gortú, a bhfuil míchumas fisiceach nó cognaíocha faighte acu a raibh sainchlár ag teastáil uathu. Is é ról na scoile ná cur ar chumas leanaí leanúint lena n-oideachas agus iad ag fanacht san ospidéal, chomh maith

le bealaí nua foghlama oideachais a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt leis an raon seirbhísí ildisciplíneacha agus speisialtóirí laistigh den suíomh seo.

Cuireann BOOÁCDL na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do na scoileanna nua seo:

- Pleanáil forbartha scoile
- Treoir pholasaí reachtúil agus oiliúint shaincheaptha do na suíomhanna seo maidir le nósanna imeachta um Chosaint Leanaí agus Frithbhulaíochta
- Tacaíocht oideachais TF timpeall ar theicneolaíocht chúnta chomh maith le tacaíocht bonneagair
- Acmhainní earcaíochta a sholáthar i bhfoirm soláthar oideachais a leathnú do Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus FET sna suíomhanna seo.
- Forbairt agus pleanáil an tsoláthair oideachais
- Oiliúint rialachais do cheapacháin nua Boird
- Tacaíocht churaclaim tacaithe ag cigireachtaí na Roinne Oideachais – meastóireachtaí curaclaim agus ar an scoil uile.

Tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁCDL ar fáil mar thaca d'ardchaighdeán an tsoláthair i ngach Pobalscoil Náisiúnta. Ina measc seo tá.

- Cnuas-oiliúint agus tacaíocht shaincheaptha curtha ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an NCSE.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Tacaíocht forbartha éiteas agus Clár Pátrúin (GMGY)
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár Meáncheannaireachta (MLP)
- Teagasc agus Foghlaim atá feabhsaithe leis an Teicneolaíocht
- Tacaíocht ón mBord Bainistíochta
- Forbairt Ceannaireachta agus Clár Thacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí.
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile.

Figiúirí Rollaithe i bPobalscoileanna Náisiúnta 2022/2023	
Scoil	2022/2023
Scoil Choilm	814
Scoil Chormaic	395
Scoil Ghrainne	600
Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard	435
Scoil Aoife	336
PN Leamhcáin	386
PN an Mhóinéir Leathain – Sord Thuaidh	56
PN Ghleann na hAbhann – Sord Theas	123
PN Thamhlachta	107
Pobalscoil Speisialta Danu	36
Scoil an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin	11
Iomlán	3,299

3.2 Socruithe Aonaid Choinneála agus Chúraim Speisialta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁC DL) ina Phátrún ar dhá shuíomh de chuid an Aonaid Chúraim Speisialta (SCU) agus scoil amháin san Ionad Coinneála Leanaí (CDC). Cuireann BOOÁC DL raon seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna seo lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Seirbhísí agus Tacaíochtaí Airgeadais, Foirgnimh, Seirbhísí Corparáideacha, agus tacaíocht TFC chomh maith le tacaíocht ó géarstruchtúir thacaíochta oideachais.

Cruthaíonn an meascán gnéithe as a dtagann socrúchán na scoláirí sna scoileanna seo dúshláin. Áirítear orthu seo caidrimh dhearfacha, dhearbhaithe a fhorbairt a chothóidh braistint de shlándáil mhothúcháinach agus folláine agus a chothóidh meon dearfach i leith na foghlama. Tá dúshláin ann freisin maidir le cláir foghlama aonair a fhorbairt bunaithe ar fhoghlaim fíorshaoil a thugann aghaidh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Cuireann na suímh cúraim speisialta seo cur chuige tacúil, difreáilte agus spriocdhírthe ar fáil do sholáthar oideachais agus dul chun cinn do dhaoine óga. Tá siad athshlánaitheach ó thaobh nádúir de agus cuireann siad príomhphointe iontrála agus athrannpháirtíochta ar fáil do gach foghlaimeoir ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC).

I measc na gcuraclam a thairgtear sna suímh casta seo tá:

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Gradaim QQI

Cuirtear raon iomlán ábhar ar fáil lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, gairmthreoir a chuireann taitní oibre spriocdhírthe san áireamh ag teacht le plean foghlama aonair an dalta laistigh den NFQ. Mar bhonn agus mar thaca ag ardchaighdeán an tsoláthair sna suíomhanna seo tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁC DL ar fáil, lena n-áirítear:

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár Meáncheannaireachta (MLP)
- Litearthacht Teanga agus Uimhearthacht,
- Oiliúint Oideachais Speisialta
- Teagasc agus Foghlaim atá feabhsaithe leis an Teicneolaíocht,
- Tacaíocht ón mBord Bainistíochta,
- Forbairt Ceannaireachta agus Cláir Thacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí.
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile.

Gné thábhachtach den tacaíocht speisialaithe a chuirtear ar fáil sna suímh sin is ea ról sonrach BOOÁC DL maidir le foireann bainistíochta na scoile a threorú i dtaca le cur i bhfeidhm mholtaí na gCigireachta agus na bhFéinmheasúnaithe Scoile. I bhfianaise chastacht riachtanais na scoláirí sna suímh sin, dírónn na réimsí tacaíochta spriocdhírthe seo go príomha ar:

- Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil.
- Litearthacht agus Uimhearthacht
- Scileanna Saoil
- Gairmthreoir
- Dul chun cinn san Oideachas agus
- Pleanáil ag leibhéal na scoile uile, an tseomra ranga, agus an dalta aonair

Figiúirí Rollaithe Scoileanna Cúraim Speisialta 2022/2023	
Scoil	2022/2023
Crannóg Nua	10
Baile Uí Dhúda	8
Iomlán	18

3.3 Iarbhunscoil – Coláistí Pobail agus Gaelcholáistí

Feidhmíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) mar phátrún ar 31 iar-bhunscoil, a chuimsíonn 4 Ghaelcholáiste agus Aonad amháin lán-Ghaeilge. Soláthraíonn BOOÁCDL raon cuimsitheach seirbhísí agus tacaíochtaí do na scoileanna seo, a chuimsíonn seirbhísí agus tacaíochtaí TFC/Digiteacha, airgeadais, acmhainní daonna, tógála agus cothabhála, chomh maith le cúnamh oideachais, oiliúna agus forbartha.

Tá ról ríthábhachtach ag na Coláistí Pobail faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i saol a bpobal áitiúil. Cuireann ár scoileanna cuimsitheacha ar chumas daoine óga a gcumas iomlán a bhaint amach agus cur go gníomhach leis an tsochaí. Cothaíonn siad timpeallacht dhearfach thacúil a spreagann dul chun cinn oideachasúil do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí araon.

In 2023, lean BOOÁCDL dá thiomantas do cháilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú ar fud na scoileanna go léir. Chuireamar tacaíocht chuimsitheach ar fáil i réimse na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) chun an taithí oideachais is fearr is féidir a chinntiú dár mic léinn i réimsí lena n-áirítear:

- Clár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP)
- Clár Meáncheannaireachta (MLP)
- Tacaíocht agus Forbairt don Chinn Bliana
- Oiliúint agus Forbairt do Ghuth agus Rannpháirtíocht na Mac Léinn
- Oiliúint agus tacaíocht do mhúinteoirí in OSPS agus OCG
- Teanga, Litearthacht agus Uimheartheacht
- Oideachas Speisialta (AEN)
- Teagasc agus Foghlaim atá feabhsaithe leis an Teicneolaíocht (Tacaíochtaí Digiteacha)
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile
- Oiliúint agus tacaíocht maidir le Cosaint agus Cumhdach Leanáí

- Bord Bainistíochta
- Measúnú agus oiliúint múinteoirí don Bhéarla mar Theanga Breise
- Forbairt Ceannaireachta agus Cláir Thacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus sealbhóirí poist meánbhainistíochta.
- Folláine
- Bainistíocht Dearfach Iompraíochta agus oiliúint agus tacaíocht um réiteach coinbhleachta.

Sheol BOOÁCDL Comórtais Idir scoile freisin i nDíospóireacht agus i bhFicheall do na Coláistí Pobail ar fad.

Líonraí Feabhais agus Forbartha Gairmiúla

I bplean straitéiseach bliantúil Stiúrthóir na nIar-bhunscoileanna, tugaimid tús áite d'fhorbairt ghairmiúil chomhoibríoch trí líonraí, ceardlanna, agus tionscnaimh FGL. Cuireann na hardáin seo ar chumas foirne scoile léargais a mhalartú agus dea-chleachtais a chothú. Déanann cruinnithe rialta de ghrúpaí pleanála SAEN, BTB, agus DEIS, mar aon le cuairteanna ar an láthair ó chomhordaitheoirí, an timpeallacht chomhoibríoch seo a shaibhriú tuilleadh.

In 2023, chabhraigh ár dtionscnaimh SAEN agus DEIS le scoileanna straitéisí cuimsitheacha uile-scoile a cheapadh, le treoir luachmhar a thabhairt maidir le pleanáil agus cur i bhfeidhm éifeachtach. Ina theannta sin, d'fhan ár líonraí FGL, a chuimsigh oideachas digiteach, na meáin dhigiteacha, éiteas, OSPS/OCG agus níos mó, gníomhach i rith 2023, ag teacht chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a aithníodh sna blianta roimhe seo.

Tagann ár [Líonra Príomhoidí agus Líonra na Leasphríomhoidí](#) le chéile gach ráithe, le deiseanna comhsheasmhacha fáis agus forbartha a sholáthar laistigh dár bhFoirne Ceannaireachta Sinsearacha. I rith na bliana, comhoibrímid go dlúth lenár gCoiste Pleanála DP, ar a bhfuil Leasphríomhoidí, chun seisiúin FGL spriocdhírthe a dhearadh agus a sheachadadh i réimsí aitheanta a dteastaíonn tacaíocht uathu. I measc na réimsí fócais i mbliana bhí Folláine, SSE, soláthar agus leithdháileadh SEAN/BTB, pleanáil curaclaim agus Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Inár dtiomantas leanúnach do [Chumhdach agus Cosaint Leanaí](#), cuirimid oiliúint agus tacaíocht chuimsitheach ar fáil do bhainistíocht na scoile, don fhoireann agus do Bhoird Bhainistíochta. Cinntíonn sé seo go gcomhlíontar an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Níosanna Imeachta ROS um Chaomhnú Leanaí do Scoileanna (leasaithe 2023). Clúdaíonn ár dtacaíocht gach gné de chumhdach agus de chosaint leanaí, lena n-áirítear oiliúint shaincheaptha do mhúinteoirí, CRSanna, agus foirne ceannaireachta.

Cuirimid sainoiliúint ar fáil do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha ina ról mar Dhaoine Caidrimh Ainmnithe (DCAanna), chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach do DCAanna seanbhunaithe. Chomh maith leis sin, áiríonn ár n-oiliúint shaincheaptha treoir ar thuairiscí Maoirseachta ar Chosaint Leanaí a scríobh, tacaíocht do Chigireachtaí Scoile um Chosaint Leanaí (CPSI), agus athbhreithnithe ar Ráitis um Chosaint Leanaí agus Measúnuithe Riosca.

Faigheann Boird Bhainistíochta oiliúint agus tacaíocht leanúnach chun tuiscint a fháil ar a ról agus a bhfreagrachtaí maidir le cosaint agus maoirsiú leanaí.

Agus ár dtacaíocht do Chumhdach agus Cosaint Leanaí á leathnú againn in 2023, d'fhorbraíomar [Líonra Múinteoirí OSPS](#) a sholáthraíonn FGL saindeartha chun tacú le curaclam cuimsitheach OSPS/OCG a sheachadadh do dhaltaí ar fud ár scoileanna.

Is institiúidí neamh-sainchreidmheacha iad scoileanna BOOÁCDL atá tiomanta d'fhorbairt iomlánaíoch a chothú do mhic léinn as gach cúlra creidimh agus gan cúlra ar bith. In 2023, bhunaíomar [Líonra Gairmiúil na Séiplíneach](#) chun cabhrú le séiplínigh inár 10 scoil ainmnithe laistigh de chreat BOOÁCDL, ag cur lena ról inár dtimpeallacht éagsúil ilchreidmheach.

Maidir le Béarla mar Theanga Breise (BTB), bhí comhoibriú leanúnach ar siúl ar fud BOOÁCDL chun tacú le forbairt teanga do mhic léinn agus d'fhoghlaimoírí ó chúlraí imirceacha agus dídeanaithe i suíomhanna FET agus scoile araon. Áiríodh leis an tacaíocht seo trí phríomhghníomhaíocht:

Measúnú ar fhoghlaimoírí ag baint úsáide as triail oiriúnaitheach Socrúcháin Béarla Cambridge ar líne chun aiseolas a sholáthar ar inniúlacht teanga, chun aistriú agus dul chun cinn a éascú laistigh de BOOÁCDL agus níos faide anonn.

Oiliúint mhúinteoirí do mhúinteoirí ábhair iar-bhunscoile san Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (CLIL), mar aon le dianchúrsa 32.5 uair an chloig i mí an Mheithimh do mhúinteoirí BTB, as a dtiocfaidh deimhniú Béarla Cambridge. Reáchtáladh trí chruinniú líonra BTB in 2023 maidir le forbairt ghairmiúil. Ar deireadh, mar ionad údaraithe scrúdaithe Béarla Cambridge, rinne BOOÁCDL scrúduithe ag trí leibhéal CEFR (A2, B1, agus B2) i mí Bealtaine agus Meitheamh do dhaoine fásta agus d'iarrthóirí scoile araon.

Mar chuid dár [dtionscnamh Éiteas](#), cuidímid le scoileanna Creat Éiteas an BOO a chur i bhfeidhm agus feacht agus comhtháthú ár n-éiteas a chothú laistigh dá scoileanna. Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil trí chuartheanna aonair scoile, oiliúint

chnuasach, imeachtaí líonra, agus soláthar acmhainní. In 2023, thacaíomar le 10 scoil BOOÁCDL chun an Clár nua Oideachais Féiniúlachta, Ilchreidimh agus Luachanna (IMBV) a phíolótú.

Buaileann ár bpríomhlíonra éitis atá comhdhéanta de mhúinteoirí le chéile gach ráithe le haghaidh tacaíochta agus oiliúna. Ina theannta sin, comhoibrímid go dlúth le foirne scoile agus leis an mbainistíocht chun an tacaíocht agus na hacmhainní riachtanacha a sholáthar. Ina theannta sin, baineann an ról le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le BOOanna eile, BOOÉ agus DCU chun ár gcomhiarrachtaí a fheabhsú.

Tá an [Clár Leadership Connect](#), a chuimsíonn an Clár Ceannaireachta Múinteoirí agus an Clár athfhorbartha Meáncheannaireachta, ina thríú bliain anois (2023-2024). Tá sé mar aidhm ag an dá chlár ceannairí agus meáncheannairí ionchasacha inár n-eagraíocht a aithint, a fhás agus tacú leo agus is cláir dheimhnithe bliana iad araon. Tacaíonn an Clár Ceannaireachta Múinteoirí le scoileanna leis na tionscadail a mbíonn baint acu leo mar chuid den chlár seo. Dírionn an Clár Meáncheannaireachta ar scileanna agus eolas ár sealbhóirí poist API agus APII a fhorbairt. Tá na cláir seo ina mbliain “Machnamh” i mbliana (2023-2024), a thugann deis do scoileanna nótaí, tionscadail agus pleananna do scoileanna eile a fheiceáil agus a athbhreithniú agus roinnt tionscadal a chur i bhfeidhm/a chur in oiriúint dá bpobal scoile féin. Roinneadh tionscadail agus acmhainní uile na bliana roimhe sin le ceannairí scoile. Tosnófar an dá chlár go hiomlán arís i mí Mheán Fómhair 2024.

In 2023, cuireadh tús le taighde agus pleanáil do chlár nua. Ghlac 31 scoil páirt sa taighde agus freastalóidh siad ar na seisiúin píolótacha. Tá an [Clár Tacaíochta agus Forbartha do Chinn Bhliana](#) faoin gcreat Leadership Connect i mbliana. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo líonra tacaíochta, oiliúint agus deiseanna forbartha gairmiúla agus pearsanta a sholáthar do chinn bliana i ngach scoil. Roinnfear na ardscoileanna nua seo ansin leis na foirne cinn bliana i ngach scoil. Tugann an clár deis uathúil do chinn bliana comhoibriú le chéile, cur chuige a roinnt agus líonra tacaíochta a fhorbairt ar fud ár bpobal scoileanna agus seolfar go foirmiúil é i Meán Fómhair 2024 tar éis an clár píolótach agus athbhreithniú cuimsitheach a chríochnú in 2023-2024.

Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid na Scoileanna

Tá [Straitéis Chumarsáide](#) forbartha ag ár bhFoireann Chumarsáide do BOOÁCDL agus tá siad ag obair go dlúth le scoileanna agus ionaid chun tacú le gníomhaíochtaí cur chun cinn, cumarsáid, feachtas branda agus comhordú imeachtaí agus chun cabhrú dul i ngleic le ganntanas múinteoirí. Táirgeann ár bhfoireann Cumarsáide agus Forbartha ár Nuachtlitir Eagraíochtúil agus d’eisigh siad 5 eagrán le linn 2023. Chomh maith leis sin, déanann siad ábhar a phleanáil, a fhorbairt agus a tháirgeadh do na

meáin shóisialta agus dár suíomh gréasáin BOOÁCDL chun cabhrú le gach earnáil dár n-eagraíocht a chur chun cinn. Téann siad i dteagmháil go rialta le ceannairí scoile agus le baill foirne chun oiliúint, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil ar mhaithe le cuspóirí cumarsáide, caidreamh poiblí agus margaíochta.

Tá taighde fairsing déanta ag **Foireann Straitéise na Meán Digiteach BOOÁCDL** agus tá Straitéis na Meán Sóisialta agus Digiteach forbartha acu. Tá an straitéis seo á athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach faoi láthair (leasuithe agus breisithe curtha i gcrích in 2023). Tá ár **Líonra Meán Digiteach** ag obair go maith le chéile chun cur chuige comhtháite agus comhoibríoch a chinntiú i leith spriocanna meán sóisialta agus digiteacha ár n-eagraíochtaí agus ár dtreoirí brandála. Tacaíonn sé seo le feasacht agus aitheantas branda níos fearr agus cuireann sé teachtaireacht shoiléir in iúl don phobal. Bhí seisiún oiliúna agus treorach dár gComhordaitheoirí na Meán Sóisialta, Sealbhóirí Poist PR agus Comhordaitheoirí Suímh Ghréasáin sceidealaithe chun cabhrú le hábhar a chruthú agus chun cumarsáid ardchaighdeán agus ghairmiúil a chinntiú agus gur leanadh lenár dtreoirí brandála agus stíle agus straitéis meán sóisialta (5 sheisiún traenála in 2023).

Cumarsáid agus Earcaíocht

D'oibrigh ár rannóg Acmhainní Daonna go dlúth lenár bhfoireann chun straitéisí earcaíochta a fhorbairt agus chun BOOÁCDL a chur chun cinn mar fhostóir roghnaithe. Tá spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha aitheanta mar chuid de straitéis chun cabhrú le tionscnaimh earcaíochta. Nascann an fhoireann AD agus Cumarsáide le scoileanna chun tacú le gníomhaíochtaí Caidreamh Poiblí agus oibríonn siad go dlúth freisin le coláistí agus ollscoileanna faoi seach chun nascadh le mic léinn MGO, agus ár n-eagraíocht agus ár ngairmeacha sa mhúinteoireacht a chur chun cinn freisin. D'fhreastail siad ar go leor aonaigh agus taispeántais céimithe agus rinne siad cur i láthair do choláistí éagsúla i rith na bliana (DCU, Institiúid Teicniúil Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Grad Ireland, Ollscoil Chorcaí, Aonaigh san RDS srl.). In 2023 rinne siad athfhorbairt ar an rannóg Acmhainní Daonna agus Earcaíochta de shuíomh gréasáin BOOÁCDL agus d'fhorbair siad go leor acmhainní poiblíochta, físeáin, teistiméireachtaí agus íomhánna chun cabhrú lenár n-eagraíocht a chur chun cinn.

RSO agus DEIS

Chuir BOOÁCDL raon leathan deiseanna oideachais ar fáil do mhic léinn atá leathan agus cuimsitheach. Tá FGL agus tacaíocht an mhúinteora lárnach maidir le clár a sheachadadh do mhic léinn. Cuirtear Forbairt agus Tacaíochtaí RSO agus DEIS ar fáil trí phobail chleachtais ag gach leibhéal ar chontanam na tacaíochta. Ritheann an **Suaithantas UDL** gach bliain (bhí an clár ar siúl ó Eanáir 2023 - Bealtaine 2023 le 40 rannpháirtí) ag tabhairt deiseanna do mhúinteoirí cleachtas cuimsitheach a fhorbairt ag leibhéal tacaíochta an tseomra ranga agus tar éis sos go déanach in 2023-2024 (Meán Fómhair - Bealtaine) chun gur féidir machnamh a dhéanamh ar chleachtas nua agus reatha, fillfidh sé i mí Mheán Fómhair 2024. Éascaíonn líonraí do chomhordaitheoirí RSO/AEN agus DEIS bainistíocht leanúnach ar mhúnla soláthair gach scoile agus forbairt córas nua chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais uile na mac léinn do chách, roinnt acu agus go háirithe an líon beag mac léinn a dteastaíonn ionchur breise uathu chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Oibríonn an dá Chomhordaitheoir (SEAN agus DEIS) go dlúth leis an mBainisteoir agus foireann TF freisin chun tacaíochtaí agus réitigh dhigiteacha a sholáthar chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne chuí.

Go luath in 2023, rinneadh scéim phíolótach ar **Mhapáil Soláthair** inár scoileanna. Bhí sé mar aidhm ag an bpróiseas Mapála Soláthair cur leis an gcleachtas cuimsitheach reatha inár scoileanna chun cur chuige córasach, comhoibritheach a fhorbairt ar fud na scoile, atá bunaithe ar shonraí maidir le hoideachas cuimsitheach agus speisialta. Bhí sé mar aidhm ag an gclár píolótach cumas ceannaireachta a fhorbairt laistigh dár scoileanna chun freagairt do dhaonraí mac léinn atá ag éirí níos éagsúla trí chur chuige ceannaireachta dáilte agus líonraithe. Seoladh Mapáil Soláthair go foirmiúil i Meán Fómhair 2023 tar éis aiseolais agus meastóireachta ar an bpróiseas píolótach. Tacaítear le scoileanna trí chnuasimeachtaí agus acmhainní ó BOOÉ.

Féinmheastóireacht Scoile

Déantar forbairt straitéiseach ar Féinmheastóireacht Scoile (FMS) i gach scoil a éascú ag an Líonra bunaithe FMS, áit a gcuirtear fáilte roimh phríomhchainteoirí atá chun tosaigh ar fheabhsú scoile go náisiúnta bualadh le foireann na gComhordaitheoirí FMS chun treoir a thabhairt ar an tionscnamh a stiúradh ina gcuid scoileanna. Cuirtear tacaíochtaí inscoile ar fáil do gach réimse (RSO, DEIS, SSE, etc.) chun cabhrú le foirne scoile cleachtais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm de réir a n-acmhainní agus na dtosaíochtaí aonair atá acu. Tháinig an Líonra SSE le chéile go rialta in 2023 chun comhoibriú agus dea-chleachtas

a roinnt. Roinn scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu i réimsí éagsúla léargais agus aiseolas le Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus líonraí eile.

Guth agus Rannpháirtíocht an Mhic Léinn

Ag deireadh na bliana 2023, rinneadh taighde príomhúil agus tánaisteach chun clár nua Guth & Rannpháirtíocht an Mhic Léinn a fhorbairt, atá le cur amach ar bhonn píolótach in 2024. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo guth na mac léinn a fheabhsú inár scoileanna trí thacaíocht agus oiliúint a thairiscint. Ar fud BOOÁC DL, bunófar sé ghuth cnuasach na mac léinn, a thabharfaidh deiseanna do mhic léinn machnamh a dhéanamh ar staid reatha ghuth na mac léinn, iniúchadh a dhéanamh ar a léirithe inár scoileanna, agus smaointe a chur le chéile maidir leis an treo ina mbeidh sé ag dul amach anseo. Ina theannta sin, cuirfear oiliúint ar mhic léinn i gcumarsáid, obair foirne agus scileanna comhoibrithe.

Múinteoirí nua le BOOÁC DL

Chuir an Clár Ionduchtaithe do Mhúinteoirí fáilte mhór roimh chomhghleacaithe nua inár n-eagraíocht. Gach bliain, tugann an imeacht seo deis do mhúinteoirí nua chuig BOOÁC DL bualadh le príomhbhaill d'fhoireann riaracháin BOOÁC DL, lena n-áirítear ionadaithe AD agus TFC, chomh maith le haoichainteoirí ar ábhair ábhartha, mar bhainistíocht iompraíochta agus tacaíocht ranga, chun a gcleachtas múinteoireachta a threorú.

In 2023, d'fhreastail 120 múinteoir ar an seisiún i gCeannoifig BOOÁC DL. Chlúdaigh an clár réimsí lena n-áirítear Éiteas, Brandáil, Aidhmeanna agus Spriocanna Eagrúcháin, chomh maith le hoiliúint i mBainistíocht Dearfach Iompair.

Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta

Príomhréimse eile oibre le scoileanna do 2023 ab ea an tacaíocht leanúnach trí Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁC DL. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil do mhic léinn in iar-bhunscoileanna, Ionaid Ógtheagmhála, earnálacha an tsoláthair Bhreisoideachais, agus don fhoireann a oibríonn laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire. Cuireann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach ar fáil chomh maith le tacaíochtaí leathana síceolaíochta d'úsáideoirí seirbhíse, faoi réir faoi réir ag scoil nó ionad iarratas a dhéanamh. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú na mac léinn ar aghaidh chuig sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsíonn ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sonracha i réimsí taighde, oiliúna agus tionscnaimh BOO ag leibhéal sistéamach. Tugadh cuireadh do PSS freastal ar sheisiúin le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus rinneadh planáil do sheisiúin tacaíochta lenár Líonra Ceann Bliana.

Tacaíocht d'Úcránaigh i Scoileanna BOOÁCDL 2023

In 2023, chuir iar-bhunscoileanna BOOÁCDL, go háirithe iad siúd in aice le hionaid fáiltithe/cóiríochta, fáilte roimh dhídeanaithe ón Úcráin. Ag teacht le cleachtas BOOÁCDL ó 2009, déantar measúnú Béarla ar gach mac léinn iar-bhunscoile ó chúlaí imirceach/dídeanaithe trí úsáid a bhaint as an Tástáil Socrúcháin Bhéarla Cambridge. Anuraidh, rinneadh measúnú ar 900 mac léinn le Béarla mar Theanga Bhreise, rud a chuir eolas ar thacaíocht spriocdhírthe agus a d'éascaigh cumarsáid le múinteoirí ábhair.

Chuir léargas a bhí bunaithe ar shonraí ar chumas scoileanna dóthain múinteoirí EAL a leithdháileadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn as an Úcráin agus na ndídeanaithe eile. Bíonn múinteoirí BTB, oilte agus cáilithe, i mbun seisiúin FGL duine le duine trí huaire sa bhliain, le dianoiliúint as a dtiocfaidh deimhniú idirnáisiúnta do mhúinteoirí nua i mí an Mheithimh, a chinnteoidh soláthar ardchaighdeán BTB.

Tugtar tacaíocht do mhic léinn ón Úcráin san Idirbhliain, sa 5ú agus sa 6ú bliain chun ullmhú do scrúduithe Béarla Cambridge agus iad a dhéanamh gach Bealtaine, agus clúdaítear táillí na scrúduithe.

Tá scoileanna BOOÁCDL le Pobalscoileanna Náisiúnta nó soláthar déach do ranganna Oideachais Aosaigh agus FET dea-fheistithe chun tacú le teaghlaigh ón Úcráin. Cabhraíonn Seirbhísí Oideachais Aosaigh le dídeanaithe clárú le comhlachtaí gairmiúla agus ullmhú do scrúduithe Béarla Cambridge. Cinntíonn coláistí breisoideachais agus oiliúna cosáin oideachais agus gairme leanúnacha in Éirinn. D'éascaigh comhordaitheoir **BOOÁCDL REALT** rolluithe scoile ón Úcráin agus IPAS agus d'eagraigh siad iompar trasna an cheantair.

Nasc Digiteach BOOÁCDL

Cumasaíonn ardáin le tacaíocht BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú feabhsaithe ar fud gach comhthéacs BOOÁCDL. Faoin Tionscadal 'Nasc Digiteach', thacaigh oiliúint foirne thar gach earnáil de BOOÁCDL le rannpháirtíocht na foirne le gach ardán a fhaigheann tacaíocht BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil agus d'fhorbair siad é.

Tacaíocht láraithe d'fhoghlaimoirí trí sheisiúin tarraingteacha agus idirghníomhacha pobail foghlama, úsáid tacaithe d'ardáin le tacaíocht BOOÁCDL, VsWare, Microsoft 365 etc.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntais Microsoft 365 nasctha a sholáthar d'fhoghlaimoirí agus don fhoireann. Cinnteoidh réiteach le síniú isteach amháin d'fhoghlaimoirí dá gcuid uirlisí fíorúla go léir go mbeidh an teicneolaíocht sruthlínithe agus inrochtana do gach foghlaimoir, beag beann ar chumas, scileanna nó riachtanais. Is tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a sholáthar do gach foghlaimoir. Soláthraíonn ardáin nasctha cosán chuig foghlaim dhigiteach ar feadh

an tsaoil do BOOÁCDL chun feabhas a chur ar na conairí seanbhunaithe fisiceacha foghlama ar feadh an tsaoil atá ar fáil cheana féin. Soláthraíonn Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht trasna eagraíochta agus deis don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí uile taithí a fháil ar ardán foghlama a chuireann lena saolta agus a n-eispéiris ghairmiúla.

Tríd an Tionscadal Nasc Digiteach agus cur i bhfeidhm an Chreata Straitéise Digití in 2023, bhaineamar an rath seo a leanas amach:

- Ainmníodh CP Shoird mar Scoil Chéimiúil Apple.
- Bronnadh Gradam na Scoileanna Digiteacha Eorpacha ar scoil DEIS eile (ceann amháin de chúig cheann in Éirinn).
- Díríodh ar 4 scoil DEIS agus fuair siad tacaíocht agus treoir dhigiteach bhreise/dian. Is scoil duine le duine í CP Ráth Dara, tá seomra ranga iomlán ETIM forbartha acu agus tacaíodh le gléasanna i go leor scoileanna eile.

Figiúirí Rollaithe Iar-bhunscoile 2022/2023		
Scoileanna	Dara Leibhéal	PLC iarbhír
CP Bhaile Adaim.	954	
CP Ard Giolláin.	998	
CP Bhaile Brigín.	655	
CP Chaisleán Cnucha.	1244	
Coláiste Chillian	439	
Coláiste Cois Life	654	
Coláiste de hÍde	278	
Coláiste Pobail Setanta	1,050	
CP Pháirc Bhaile Choilín.	581	42
Coláiste Pobail Fóla	398	
CP Ráth an Deagánaigh.	353	54
CP Dhomhnach Bat.	837	
CP Ériu	129	
CP Fhine Gall.	867	
CP Theach na Giúise.	813	
Gaelcholáiste Reachrann	510	
CP na Gráinsí.	450	62
Coláiste na gCnoc Glas	155	163
CP an Ghrífín.	382	
CP Choill an Rí.	952	
An Chiseog	932	
CP Leamhcáin.	918	
CP Lusca.	878	
CP Bhaile Lotrail.	984	
CP Mhóin Seiscinn.	332	
CP Ráth Dara.	233	
CP na Sceirí.	1030	
CP Naomh Fhionáin.	644	
CP Naomh Caoimhín.	418	
CP Shoird.	737	
CP Naomh Mac Dara.	842	
Iomlán	20,647	321

3.4 Seirbhísí Óige agus Forbartha Spóirt

Clár Foghlama Malartach

Tá Clár Foghlama Malartach (ALP) forbartha ag BOOÁCDL mar fhreagra ar an aitheantas ar na deiseanna teoranta atá ar fáil do dhaoine óga nach bhfuil ag gabháil d'oideachas foirmiúil faoi láthair agus atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Is iomaí fáthanna éagsúla a fhágann go bhfágann dalta an scoil go luath, is minic nach féidir leis an gcóras reatha freastal ar riachtanais éagsúla na ndaoine óga seo. Tá an clár seo ar siúl faoi láthair i gcúig ionad ar fud limistéar Riaracháin BOOÁCDL:

- Dún Laoghaire
- Sord
- Tamhlacht
- Cluain Dolcáin
- Baile Brigín

Bhí 94 duine óg i mbun an chláir ó Eanáir - Nollaig 2023. Is ardú 50% é seo, éacht iontach don chlár ALP.

Aithníodh na Riachtanais Speisialta Oideachais seo a leanas ASD, NHEA, Disléicse, Dispraicse, Dúlagar, Imní. Neamhord Iompraíochta Mothúchánach, Féindochar, Deacrachtaí Ginearálta Foghlama.

Tacaíonn Oifigeach Óige BOOÁCDL agus Oifigeach Sinsearach Óige agus Múinteoir BOOÁCDL agus beirt theagascóirí páirtaimseartha leis an gclár Foghlama Malartach. Cuireann foireann Óige BOOÁCDL cláir oibre díreacha ar fáil freisin do dhaoine óga spriocdhírthe faoin Scéim UBU chomh maith le cláir thacaíochta agus chomhpháirtíochta do ghrúpaí agus do sholáthraithe seirbhíse óige eile.

Ionaid Spóirt Dhéchuspóireacha

Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé cinn d'Ionad Spóirt Dhéchuspóireach a bhainistiú ar fud Limistéir Riaracháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid seo i gceantair atá faoi ard-mhíbhuntáiste. Tá siad i mBaile Phámar, i gCill an Ardáin, i dTeach na Giúise, i mBaile Choilín, i mBaile Fiobail agus i mBaile Brigín.

Bhí líon cuairteoirí bliantúil de 470,642 ag na hionaid in 2023, a sháraigh go mór an sprioc conartha de 350,000. Tá na hionaid go léir ag fillleadh ar na leibhéil tinrimh a bhí ann roimh Covid. Oibríonn na hionaid le grúpaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha

chomh maith le soláthraithe gnólachtaí beaga a thairgeann seirbhísí a bhaineann go sonrach le riachtanais na bpobal áitiúil.

Clár Oifigeach Spóirt Óige

Tá triúr Oifigeach Spóirt BOOÁC DL ag feidhmiú ar fud limistéar Riaracháin BOOÁC DL. Áirítear iad seo a leanas i seachadadh an chlár:

- Ceardlanna Spóirt a sheachadadh do dhaoine óga
- Conairí Spóirt (Blas-seisiún)
- Soláthar an tSamhraidh
- Gníomhaíocht Fhisiciúil & Seisiún Tóg 30
- Leabharlann Trealaimh Spóirt agus tacaíocht do ghrúpaí óige agus do ghrúpaí deonacha
- Seisiúin treodóireachta do dhaoine óga spriocdhírthe.

Is clár spóirt 12 seachtaine do dhaoine óga 10-24 bliana d'aois é **Dúshlán Gníomhach na hÓige** a bhíonn ar siúl ó Eanáir go Bealtaine gach bliain. Tacaíonn an clár seo le daoine óga triail a bhaint as 6 ghníomhaíocht ó spóirt thraidisiúnta go damhsa líne i measc gníomhaíochtaí eile. Soláthraíonn na hoifigigh spóirt timpeall an chontae é. Ghlac 280 rannpháirtí páirt in 2023.

Fíricí agus Figiúirí

- 47 Seirbhís/Tionscadal Óige ag obair le thart ar 9524 duine óg a rinne teagmháil leis na seirbhísí atá maoinithe ag UBU 175,717 uair.
- 214 club deonach cláraithe ag obair le 5682 duine óg.

Seirbhísí & Tionscadail Óige ag feidhmiú laistigh de BOOÁC DL

	Tamhlacht	Cluain Dolcáin	Baile Bhlainséir	Dún Laoghaire Ráth an Dúin	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh
Crosscare	1	6		3	2
Foróige	3		4	1	2
Neamhspleách	6	3	4	4	1
DLRCOCO				2	
SDCC	4	1			

Íocaíochtaí Scéim Deontais Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla le grúpaí sa Chontae

Dún Laoghaire (9)	Ráth an Dúin (8)	Tamhlacht (17)
Cluain Dolcáin (9)	Baile Bhlainséir (9)	Contae Átha Cliath Thuaidh (15)

3.5 Breisoideachas agus Oiliúint

Soláthraíonn Breisoideachas agus Oiliúint (FET) i BOOÁCDL raon leathan clár agus seirbhísí atá deartha chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn ar fud limistéir riaracháin Fhine Gall, Chontae Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá éagsúlacht ag baint le foghlaimeoirí FET agus áirítear leo luathfhágálaithe scoile, daoine a d'fhág an scoil le déanaí, printísigh, daoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas/oiliúint, agus cohóirt tosaíochta lena n-áirítear foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn chomh maith le daoine dífhostaithe agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Chomh maith lesi sin, tá sé mar thosaíocht ag FET uasoiliúint agus athoiliúint a dhéanamh orthu siúd atá fostaithe chun a chinntiú go bhfanann a scileanna ábhartha in ionad oibre agus geilleagar atá ag forbairt go tapa.

Tá sé mar aidhm ag FET i BOOÁCDL an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach rud a ndéanaimid agus eispéireas den chaighdeán is airde a sholáthar do gach foghlaimeoir a roghnaíonn dul ar a aistear foghlama le BOOÁCDL. Bhí sé mar aidhm ag Plean Seirbhíse FET do 2023 riachtanais daoine aonair, a dteaghlach, agus pobail a chur san áireamh chomh maith le riachtanais scileanna fostóirí áitiúla agus réigiúnacha agus sa tuarascáil bhliantúil seo, leagtar amach conas a bhain FET a cuspóirí amach ina leith seo.

Forbhreathnú ar Sholáthar FET 2023

In 2023, ghlac 26,112 foghlaimeoir san iomlán, nó 39,331 tairbhí, páirt i gcúrsaí in ionaid, coláistí agus seirbhísí FET BOOÁCDL. Ba mhéadú é seo de 4,897 (23%) foghlaimeoir aonair agus 9,880 (34%) tairbhí ar ghníomhaíocht 2022. Léiríonn Tábla 1-Aguisín D na tairbhí agus na foghlaimeoirí aonair in aghaidh an chineáil soláthair in 2023.

Cláir agus Tionscnaimh Ábhartha, Fhreagracha, Chomhtháite agus Nuálacha

Leanann Breisoideachas agus Oiliúint ar aghaidh ag forbairt agus ag seachadadh clár nua agus ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí, na bpobal agus na fiontraíochta. Réimse suntasach fáis is ea líon na bhfoghlaimoirí nach é an Béarla a gcéad teanga a dteastaíonn tacaíocht ón mBreisoideachas agus Oiliúint uathu.

Faoin 4 Feabhra 2024, bhí taifead déanta ar 104,870 teacht isteach ón Úcráin go hÉirinn. Bhí go leor de na hIonaid Fáiltithe dóibh siúd a bhí cosaint á lorg acu sa réigiún BOOÁCDL ar dtús agus mar sin d'oibrigh FET i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí chun riachtanais a aithint agus freagra a thabhairt dá réir. Go náisiúnta bhí 17,310 iontrálaí cláraithe ar chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna ar 01 Feabhra 2024, agus bhí 14,186 díobh cláraithe ar chúrsaí Béarla (BCTE).

Mar thoradh air sin, bhí méadú ar sholáthar BCTE in FET ag gach leibhéal i BOOÁCDL ó 4,767 tairbhí in 2022 go 8,131 tairbhí in 2023 arb ionann é sin agus méadú 70% agus is ionann é sin agus breis is 50% den soláthar náisiúnta BCTE.

Timpeallachtaí Dearfacha Foghlama le hAcmhainní agus Áitreabh Oiriúnacha

Tá an tiomantas do thionscnamh Choláiste na Todhchaí de chuid BOOÁCDL fós seasmhach agus leanann an dul chun cinn ar aghaidh go dáiríre. Rinneadh comhairliúcháin fairsing le foireann Bhreisoideachas agus Oiliúna agus leis an mbainistíocht agus bunaíodh grúpaí oibre éagsúla ag díriú ar phríomhréimsí mar nósanna imeachta iontrála, margaíocht agus pleanáil soláthair. Tá iarrachtaí faoi lán seoil chun Coláiste aontaithe na Todhchaí a bhunú, arb iad is sainairíonna é córas iontrála sruthlínithe agus comhdhlúite. Ina theannta sin, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le forbairt bonneagair, ar leagadh béim air sin nuair a cuireadh cás gnó sealadach isteach a bhí dírithe ar phríomhcholáiste FET pleanáilte i Sord. Tá BOOÁCDL tiomanta i gcónaí do pháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach go gníomhach in éabhlóid leanúnach an tionscadail shuntasach seo.

- Tosaíocht Breisoideachais agus Oiliúna- Foghlaim ar feadh an tsaol
Tá sé mar aidhm ag FET i BOOÁCDL rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a éascú ar feadh slí beatha agus saoil trí chur chuige níos modúlaí, solúbtha, faoi stiúir na teicneolaíochta agus ar feadh na bliana a ghlacadh a éascaíonn conairí foghlama marthanacha inar féidir cur le creidiúintí agus cáilíochtaí le himeacht ama. Bhain BOOÁCDL amach 131% dár sprioc don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil do 2023 bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil ó Dheaiseanna Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS.

- Tosaíocht Breisoideachais agus Oiliúna –Cosáin agus Dul Chun Cinn
Tá spriocanna comhaontaithe ag FET i BOOÁCDL le SOLAS maidir le foghlaimeoirí a chur ar aghaidh chuig an bhfostaíocht agus bealaí a chruthú a chuirfidh foghlaimeoirí ar aghaidh laistigh de FET agus go dtí an Ardoideachas. Mar thoradh air sin, tá machnamh suntasach déanta ag Ionaid/scoileanna agus coláistí FET ar conas is féidir na spriocanna seo a bhaint amach agus cuireadh go leor gníomhartha i bhfeidhm ar fud FET lena chinntiú go mbaintear ár spriocanna amach. Bhain BOOÁCDL ár sprioc um Dhul Chun Cinn laistigh de FET do 2023 amach bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil ó Dheaiseanna Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS.

Dearbhú Cáilíochta

- Rialachas DC & Athbhreithnithe Straitéiseacha
Athbhreithníodh na Doiciméid DC go léir, amhail an Plean Gníomhaíochta DC, foirm iarratais formheasa cúrsa etc. chun mapáil ar Spriocanna Straitéiseacha BOOÁCDL agus doiciméid straitéiseacha náisiúnta eile a chur san áireamh. Cuireadh go mór le cumas an Aonaid DC gníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i bhfeidhm ar bhealach níos straitéisí trí ghlacadh leis an gcur chuige seo ina n-áirítear breithniú/aithint rialta ar spriocanna straitéiseacha an BOO mar chuid d'aon mhír nó cúrsa/clár gníomhaíochta molta.

Cuireadh moltaí deiridh an athbhreithnithe ar rialachas seachtrach i bhfeidhm in 2023. Iarradh ar chomhaltaí nua dul ar na haonaid rialachais; rinne na haonaid athnuaite athbhreithniú agus leasú ar a dTéarmaí Tagartha, agus tá an córas rialachais athbhreithnithe ag feidhmiú go réidh, le bealaí soiléire cumarsáide idir na haonaid go léir agus Foireann Cheannaireachta Shinsearach BOOÁCDL.

- Forbairt Beartais DC
Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an obair ar an gCreat DC aontaithe in 2023. Forbraíodh láithreán láraithe SharePoint ar an Mol DC, áit a raibh gach ball foirne FET in ann rochtain a fháil ar na leaganacha is déanaí de na beartais agus nósanna imeachta reatha go léir. Rinneadh anailís ar bhearnaí chun polasaithe agus nósanna imeachta nach mór a fhorbairt a aithint, agus tá roinnt polasaithe á bhforbairt faoi láthair, amhail Forbairt Clár, Monatóireacht agus Athbhreithniú, agus polasaí RPL.
- Anailís Sonraí
In 2023, rinne an tAonad DC an-iarracht chun iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid go héifeachtach ach go

hinbhuanaithe, chun críocha monatóireachta agus chun cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise. Is éard a bhí i gceist leis seo ná Príomhchritéir Feidhmíochta a shainaithint, chomh maith le sonraí deimhnithe an QQI roghnaithe, chun cur chuige a fhorbairt a chuir sampláil cuspóireach agus randamach le chéile. Cheadaigh sé seo don Aonad DC réimsí riosca a aithint go héasca ar cheart iad a ardú go dtí an t-aonad rialachais ábhartha, chomh maith leis na sonraí a theastaíonn uathu a sholáthar do na haonaid rialachais ábhartha chun a chinntiú go bhfuil caighdeán an tseachadta dearbhaithe cáilíochta ar chlár oideachais agus oiliúna in ionaid FET BOOÁCDL.

Ina theannta sin, forbraíodh pacáí sonraí do gach ionad FET. Chuir sé seo raon sonraí deimhniúcháin fadaimseartha ar fáil dóibh, chomh maith le rátaí dáileacháin grád, chun tacú le hionaid athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid sonraí go córasach agus i gcinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.

- Gníomhaíocht Forbartha, Bailíochtaithe agus Athbhreithnithe Clár
Bhí an t-aonad DC páirteach i 5 bhailíochtú clár in 2023 agus rinne sé 14 athbhreithniú breise ar mhodúil ag leibhéal 2-5 ar an NFQ.
2 léirmheas ar chlár:
 - Luathfhoghlaim agus Cúram – athbhreithniú bliantúil thar ceann na 16 BOO. Lean BOOÁCDL ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Phobal Cleachtais náisiúnta LFC agus don Bhord Clár LFC.
 - Feasacht ar Inbhuanaitheacht Comhshaoil 4S21809
- Tacaíochtaí d’Fhoghlaimeoirí
D’aithin an tAthbhreithniú Tionscnaimh an gá atá le cur chuige caighdeánaithe oiriúnach a chinntiú maidir le measúnú Béarla le haghaidh iontrála, d’fhoghlaimeoirí nach é an Béarla a dteanga dhúchais. Tionóladh grúpa stiúrtha, agus cuireadh oiliúint ar 47 ball foirne in 2023.
Mar fhreagra ar thorthaí na Tuarascála ar an Athbhreithniú Tionscnaimh, choimisiúnaigh BOOÁCDL comhairleoir seachtrach chun tabhairt faoi thionscadal taighde gníomhaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais tacaíochta foghlaimeoirí a bhí i bhfeidhm ar fud na n-ionad FET. Táirgeadh tuarascáil, agus rinneadh a moltaí a mheas agus a chur i bhfeidhm mar is cuí. Ó tharla an tAthbhreithniú Tionscnaimh, thionóil seirbhísí FET BOOÁCDL Pobal Cleachtais Tacaíochta d’Fhoghlaimeoirí an-ghníomhach a bhfuil freastal maith air arb é an ról atá aige tacú le soláthar tacaíochtaí foghlaimeora ag leibhéal an ionaid.

Sannadh freagracht as Eispéireas an Fhoghlaimeora d'Oifigeach DC agus áireoidh a ról polasaithe agus nósanna imeachta maidir le DC a fhorbairt a théann i bhfeidhm go díreach ar fhoghlaimeoirí.

- Gníomhaíochtaí Eile

D'éirigh le BOOÁCDL iarratas a dhéanamh ar dhá chreidiúnú Erasmus – ceann amháin do shoghluaisteachtaí foirne agus foghlaimeoirí sa tSeirbhís Oideachais Aosaigh agus an ceann eile sna seirbhísí VET. Ciallaíonn sé seo go mbeidh BOOÁCDL in ann pleanáil níos straitéisí a dhéanamh anois do shoghluaisteachtaí a thacóidh le forbairt seirbhísí FET, seachas díreach ar bhonn ionaid.

Tiomantas don Foghlaim a Feabhsáítear leis an Teicneolaíocht chun Tacú le Foghlaim Neamhspleách agus Comhoibríoch

Thairg an Fhoireann Foghlama Digiteach (DLT) oiliúint agus tacaíocht i rith na bliana chun forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna. Tá buntáistí suntasacha léirithe ag cruinnithe seachtainiúla na Foirne Foghlama Digití le hionadaithe ó FET, Oideachas Aosach, Ógtheagmháil agus TF, rud a fheidhmíonn mar thionscnamh a shábhálann am. Ina theannta sin, cumasaíonn na cruinnithe seo cumarsáid réidh i measc na bpáirtithe go léir atá i gceist.

Úsáideann BOOÁCDL Moodle mar an Príomhchóras Bainistíochta Foghlama (LMS) don FET. Déanann an Fhoireann Foghlama Digiteach idirchaidreamh le Tacaíocht/Nuálaíocht SOLAS TEL maidir le haon uasghrádú ar shuíomhanna Moodle. Tríd an DLT, cuireadh cúnaimh ar fáil chun cabhrú leis na Coláistí/Ionaid eile aistriú go Moodle, toisc go raibh cuid acu ag aistriú ó ardáin eile. Cuireadh tacaíocht ar fáil ón taobh riaracháin chun cabhrú le comhtháthú agus chun nósanna imeachta a leanúint. Chun tacú le Teagasc agus Foghlaim, chuir an Fhoireann Foghlama Digiteach seisiún oiliúna ar fáil don fhoireann ar fud Ógtheagmhála, Seirbhísí Aosoideachais, Ionaid Oiliúna agus ár gColáistí Breisoideachais. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann go léir an LMS céanna a úsáid in FET chun feabhas a chur ar chomhoibriú, táirgiúlacht agus éifeachtúlacht do BOOÁCDL.

Rinneadh iniúchtaí chun réimsí a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu laistigh den earnáil FET a shainaithint, chomh maith le hathbhreithniú cuimsitheach ar an raon éagsúil feidhmchlár a bhí in úsáid. Chomh maith leis sin, chuir an DLT oiliúint ar fáil d'usoiliúint foirne i ngach ceann de na Feidhmchláir MS365 a úsáidtear go minic, lena n-áirítear Outlook, OneDrive, Forms, Stream, Sway, agus Microsoft Teams. Ina theannta sin, cuireadh tacaíocht foghlaimeora ar fáil freisin de réir mar a iarradh é.

I suíomhanna áirithe san earnáil FET, tugadh isteach scáileáin Clevertouch agus teicneolaíocht CleverLive. Cuireadh oiliúint ar CleverLive, scáileáin Clevertouch agus córas nua Áirithinte Seomra BOOÁCDL ar fáil don fhoireann a bhí i gceist.

Comhionannas agus Cuimsiú Gníomhach: Straitéisí chun Bacainní ar rannpháirtíocht i FET a laghdú

- Cuimsiú a Chothú

Dhírigh ceann de na spriocanna do BOOÁCDL FET ar rannpháirtíocht a leathnú do chohóirt tosaíochta lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, baill den phobal Romach, baill den lucht siúil, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn. Bhain BOOÁCDL amach 206% dár sprioc maidir le Rannpháirtíocht a Mhéadú do 2023 bunaithe ar shonraí críochnaithe ó Dheaiseanna SPA SOLAS.

- An Ciste Reach 2023

Tá sé mar aidhm ag an deontas seo maoiniú a chur ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a bheith rannpháirteach in Oideachas Aosach agus Pobail. Riarann FET i BOOÁCDL an ciste seo thar ceann SOLAS agus in 2023, d'éirigh le sé iarratasóir is fiche. Chuir deontais ar chumas eagraíochtaí pobail tionscnaimh a chur i bhfeidhm ó thionscadail ghlasa mar uaschúrsáil ar mhaithe le hinbhuanaitheacht go bunú leabharlanna taighde d'fhoghlaimeoirí, tionscadail folláine, aireachais agus folláine, go dtí an soláthar saintrealamh digiteach chun freastal ar riachtanais chasta seomra ranga na bhfoghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste agus a bhfuil dúshláin Bhéarla acu araon.

- Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Ba é FET a riar an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (FSD) agus chuir sé maoiniú ar fáil chun príomhsheirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do 206 mac léinn uathúil atá faoi mhíchumas ar chúrsaí lánaimseartha in 2023. Chuimsigh sé seo an cohórt 22/23 agus an cohórt 23/24 araon.

Tacaíocht, Foghlaim Ghairmiúil agus Forbairt do Bhaill Foirne

- In 2023, eagraíodh 28 cúrsa/ceardlann éagsúil agus d'fhreastail 468 ball foirne ar na seisiúin sin.
- Chomh maith leis sin, thug BOOÁCDL urraíocht do 76 duine in 2023 do chúrsaí le 6 Institiúid éagsúla, ó Chúrsaí Micridhintiúr go Teastas Iarchéime L9.

- Chuaigh BOOÁCDL i dteagmháil le AHEAD agus UCD chun an Suaitheantas Digiteach náisiúnta i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur i bhfeidhm go céimneach agus bhí sé á chur chun cinn go gníomhach mar dheis PD.
- In 2023, chríochnaigh 13 ball foirne an Suaitheantas Digiteach in UDL sa seomra ranga, agus chríochnaigh 2 bhall foirne an Suaitheantas Digiteach píolótach in UDL Thar an Seomra Ranga. Ina theannta sin, bhain ball amháin dár bhfoireann Suaitheantas Digiteach an Éascaitheora amach.

LinkedIn Learning

Tá ceadúnais do LinkedIn Learning faighte ag BOOÁCDL dár bhfoireann. Sa chéad chéim den rolladh amach, tá 1228 cuireadh seolta againn dár bhfoireann FET.

Córais Chumarsáide Feabhsaithe Inmheánacha agus Seachtracha

- Mol PD

Tá an Mol PD ag an gcéim deiridh forbartha agus tástála anois. Ar an suíomh comhtháite SharePoint seo, beidh an fhoireann in ann féachaint ar an bhféilire PD, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi dheiseanna forbartha gairmiúla agus clárú do cheardlanna.

Tá feidhm uathobrithe ar an suíomh anois chun faomhadh an bhainisteora a lorg nuair a chláraíonn ball foirne do chúrsa nó ceardlann agus é a chur ar an eolas faoi dhaoine nach bhfuil ag freastal orthu. Táthar ag súil go bhféadfadh sé seo cabhrú le dul i ngleic leis an bhfadhb nuair nach mbíonn daoine ag freastal.

Tá an Mol PD le seoladh in 2024, agus tá feachtas cumarsáide á phleanáil faoi láthair.

- Mol Sonraí

Cuireadh an Mol Sonraí i bhfeidhm go céimneach chuig gach ionad FET agus coláistí chun cumarsáid níos sruthlínithe a éascú. Tá sé á fheidhmiú agus á bhainistiú ag an bhfoireann Pleanála, Sonraí agus Mhaoinithe chun taifid a choinneáil ar cheadanna PLSS, iarratais ar mhaoiniú agus ar dhoiciméid oiliúna chomh maith le comhoibrithe ad hoc ar mhaithe le dul chun cinn straitéiseach BOOÁCDL.

Líonrú Straitéiseach agus Comhpháirtíochtaí le Príomhpháirtithe leasmhara

Leanann FET i BOOÁCDL lena chaidrimh le raon leathan páirtithe leasmhara a fhorbairt ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon lena n-áirítear; SOLAS, DFHERIS, ROS, Institiúidí Ardoideachais, QQI, BOOÉ, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Leargas, AONTAS,

NALA, an Fóram Réigiúnach Scileanna, Plean Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath, na Cumainn Tráchtála uile atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Grúpa Straitéise Scileanna Fhine Gall, Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath, Co. Co. DLR, Co. Co. Fhine Gall, Co. Co. Átha Cliath Theas, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus an iliomad eagraíochtaí pobail, fostóirí agus páirtithe leasmhara eile.

Leanann BOOÁCDL ag obair go dlúth le raon leathan d'fhostóirí agus d'fhostaithe atá ag fás trí na cláir Scileanna chun Dul Chun Cinn a dhéanamh agus Scileanna chun Oibre araon. Ceapadh Bainisteoir Rannpháirtíochta Fiontraíochta i mí na Samhna 2023 chun ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht fiontair a chomhordú agus a threorú agus chun rolluithe breisoiliúna an lucht saothair a uasmhéadú ó 2023 ar aghaidh. Mar chuid den obair seo, tá aonad nua seirbhísí láraithe don ghnó bunaithe mar phointe teagmhála aonair d'fhiontair i limistéir údaráis áitiúil Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Is léir ár gcumas líonraí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara mar gur bhain FET amach 132% dár sprioc do Scileanna chun Dul Chun Cinn a dhéanamh agus Scileanna chun Iomaíocht a Dhéanamh in 2023 nach bhféadfaí a bhaint amach gan teagmháil le raon páirtithe leasmhara.

3.6 Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta

Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (PSS) ar fáil do mhic léinn i Scoileanna Dara Leibhéal, in Ionaid Ógtheagmhála, agus in earnálacha Breisoideachais laistigh de Bhord Oiliúna Oideachais Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL). Cuirtear raon leathan tacaíochtaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarratais ó scoileanna/ionaid. Cuireann an PSS tacaíocht ghearrthéarmach ar fáil do na baill foirne a oibríonn le BOOÁCDL freisin. Ar bhonn sistéamach, bíonn an PSS i mbun taighde, oiliúna agus tionscnaimh BOO.

Scóip

Cuireann an PSS seirbhís ar fáil de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

Tá idirghabhálacha na foirne dírithe ar an méid seo a leanas:

- Tacaíocht dhíreach agus indíreach a sholáthar do mhic léinn.
- Deacrachtaí iompair, spreagtha, mothúchánacha agus cognaíocha daoine aonair a réiteach, trí mheasúnú agus idirghabháil theiripeach.
- Obair choisctheach le spriocghrúpaí.
- Tacaíocht ghairmiúil na foirne teagaisc, m.sh. Comhairliúchán.

- Oiliúint inseirbhíse i raon réimsí.
- Freagairt ar theagmhais chriticiúla
- Tacaíocht foirne.

Gníomhartha Samplacha

Chuaigh thart ar 921 ball foirne i dteagmháil leis an PSS do raon cuspóirí lena n-áirítear comhairliúchán, inseirbhís agus tacaíocht. Tugadh aghaidh ar riachtanais thart ar 205 mac léinn trí idirghabhálacha aonair nó grúpa. Lean an PSS ar aghaidh ag comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós NEPS, BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, BOOÉ agus FSS.

Éachtaí Samplacha

- **Síceolaíocht na Foghlama** - sainchúrsa foghlama gairmiúla 6 seachtaine ar shíceolaíocht na foghlama do mhúinteoirí i Róil AEN, a chlúdaíonn na hábhair a bhaineann le samhlacha foghlama, feidhm feidhmiúcháin, cuimhne oibre agus luas próiseála, meon fáis, iompraíochtaí dúshlánacha, agus dearadh uilíoch don fhoghlaim.
- **Líonra ASD**- Líonra nua foghlama gairmiúla a seoladh in Earrach 2023 chun Comhordaitheoir Ranganna ASD a thabhairt le chéile don fhoghlaim ghairmiúil speisialaithe agus chun piarfhoghlaim a éascú, a chlúdóidh topaicí a bhaineann le deacrachtaí cumarsáide agus deacrachtaí iompair in 2023.
- **Líonra Comhairleoirí Treorach** - leanadh ar aghaidh leis an líonra foghlama gairmiúla fad-bhunaithe seo atá oscailte do Threoirchomhairleoirí i scoileanna, breisoideachas agus Oideachas Aosach in 2023, ag díriú ar thráma.
- **Teorainneacha** - seisiún foghlama gairmiúla ar theorainneacha gairmiúla i gcomhthéacs suíomh Ógtheagmhála a cuireadh ar fáil do gach ball foirne Ógtheagmhála i mí na Nollag 2023.
- **Oiliúint Mheasúnaithe Chaighdeánaithe** - sraith ceardlann a thairgtear do mhúinteoirí meánscoile ar na bunghnéithe a bhaineann le measúnú caighdeánaithe agus le riarachán na trialach gnóthachtála WIAT-III RA.
- **Foghlaim Ghairmiúil** - Chríochnaigh foireann iomlán PSS an fhoghlaim ghairmiúil i dtimpeallachtaí a bhí feasach ar thráma, a chuir Cumann Síceolaíochta na Breataine ar fáil.

Seo sampla den obair a dhéanann an PSS ar an láthair agus ar líne. Chomh maith leis an obair seo leanann an PSS ar aghaidh le comhairleoireacht agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn ar fud BOOÁCDL. Déantar méid suntasach oibre indíreach

i bhfoirm comhairliúcháin leis an bhfoireann agus ionchur meabhairshláinte a sholáthar don eagraíocht ar fad trí Changing Minds agus Lá Domhanda na Meabhairshláinte.

Ba mhaith leis an PSS aitheantas a thabhairt don rannchuidiú ollmhór a rinne ár gcomhghleacaí, Kay McPeake thar na blianta fada a bhí aici sa tseirbhís. Chuaigh Kay ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2024, rud a léirigh dúshlán suntasach don tseirbhís chun teacht in ionad a cuid eolais, scile agus taithí.

Cuid 4 - Príomhchaidrimh

Lean BOOÁCDL le comhpháirtíochtaí láidre a chothabháil in 2023 le raon comhlachtaí agus gníomhaireachtaí oideachais a thacaíonn le forbairt churaclaim agus ghairmiúil. Áiríodh leis seo nascadh leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus Foireann na Sraithe Sóisearaí (JCT).

Lean BOOÁCDL ag obair i dtreo a thosaíochtaí maidir le líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara. Cuimsíonn na páirtithe leasmhara seo comhlachtaí reachtúla agus poiblí, údaráis áitiúla, soláthraithe eile oideachais agus oiliúna lena n-áirítear grúpaí abhcóideachta, pobail, neamhbhrabúis, deonacha agus óige. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag BOOÁCDL freisin le fostóirí agus líonraí fiontair áitiúla chun tacú le agus éascú a dhéanamh ar chláir uas-sciliú agus athsciliú don mhargadh saothair áitiúil/réigiúnach, lena n-áirítear tacaíochtaí d'fhostóirí printíseach.

Lean foghlaim dhigiteach de bheith ina cuid ollmhór dár saol in 2023. Chuaigh BOOÁCDL i dteagmháil le agus d'oibrigh sé le saineolaithe/saineolas tionscail chun tacú le teagasc agus foghlaim faoi na tionscadail agus/nó tionscnaimh seo a leanas:

- Foghlaim agus comhoibriú digiteach trí ainmniú BOOÁCDL ag Apple mar Ionad Oiliúna Réigiúnach - ag tacú le seisiúin FGL fíorúla rialta do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí ar fud BOOÁCDL.
- Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú lenár gcomhpháirtí straitéiseach 'Wriggle' - ag tacú leis an Tionscadal 1 go 1 Connect a lárnaíonn gach gné lóistíochta agus riaracháin d'imscaidh 1 go 1.
- Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú le scoileanna 'Big Picture' i dtionscadal ERASMUS a imscrúdaíonn samhlacha foghlama malartacha ar fud an domhain.

Is ionad scrúdaithe údaraithe **Béarla Cambridge** é BOOÁCDL. Tugann an caidreamh seo saineolas i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe Béarla. Is féidir mic léinn ó chúlra imirceach a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna, Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Speisialta agus Coláistí Breisoideachais a mheasúnú de réir mar is gá trí úsáid a bhaint as tairseach trialacha ar líne don tástáil socrúcháin Béarla Cambridge, a bhfuil BOOÁCDL údaraithe lena riar.

Áiríodh ar obair na bpáirtithe leasmhara a rinneadh in 2023 tuairisciú agus comhoibriú leis an Roinn FHERIS, an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus SOLAS thar raon na scoileanna, breisoideachais agus oiliúna agus clár agus seirbhísí óige. In 2023, leanadh leis an gcomhaontú idirghníomhaireachta idir BOOÁCDL agus an Roinn Coimirce Sóisialaí chun deiseanna oideachais agus oiliúna a sholáthar do dhaoine aonair nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Lean BOOÁCDL freisin lena chuid oibre mar pháirtí leasmhar, ag cur le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta limistéar riaracháin BOOÁCDL, is iad sin Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas. Tá BOOÁCDL ina mbaill de Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) na dtrí chomhairle agus tacaíonn siad le hobair chomhpháirtíochtaí ceantair áitiúil trí obair idirghníomhaireachta áitiúil agus ballraíocht bhoird de na cuideachtaí forbartha áitiúla éagsúla lena n-áirítear Empower, Southside Partnership agus Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas.

I measc na rannchuidithe eile in 2023 ó pháirtithe leasmhara ó BOOÁCDL d'fhorbairtí san earnáil oideachais agus oiliúna, bhí ionadaíocht ar chomhlachtaí rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta i nDún Laoghaire agus comhoibriú le Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), go háirithe i bhforbairt dámhachtainí nua san earnáil cúram leanaí.

In 2023, chomhoibrigh BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear:

- Scoil Speisialta Benincasa
- An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fhóiréinseach (Dún Droma & Port Reachrann)
- Scoil Naomh Ita Port Reachrann
- Ceardlann Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire

- Tionscadal Deonach, Tamhlacht Thiar
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Ceardlann Oiliúna Fhine Gall
- Oiliúint Ghinearálta don Lucht Siúil
- Ceardlann Oiliúna Pobail Bhaile Uí Rónáin
- Scoil Speisialta Naomh Agaistín
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Tivoli, Dún Laoghaire
- An Clár Tower, Co. Bhaile Átha Cliath
- Youth Horizons
- Scoil Speisialta Crannóg Nua
- Aonad Cúraim Speisialta Bhaile Dhúda
- Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh

Lean BOOÁCDL freisin lena chaidreamh le Seirbhísí Comhroinnte ESBS a neartú le forbairt leanúnach an chórais párolla, aistriú íocaíochtaí foghlaimeora agus uasghrádú ár bpacáiste airgeadais.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Foireann Bainistíochta Sinsearaí

- Caitriona Murphy, Príomhfheidhmeannach Gníomhach
- Debbie Howlett, Stiúrthóir Gníomhach ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (ar scor Eanáir 2023)
- Paul Turner, Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (Meitheamh 2023)
- Adrian Flynn, Stiúrthóir na Scoileanna (Eanáir 2023 – Samhain 2023)
- Nichola Spokes, Stiúrthóirí na Scoileanna
- Siobhan Lynch, Stiúrthóir Gníomhach Breisoideachais agus Oiliúna

AGUISÍN B

BOOÁC DL Locations

Pobalscoileanna Náisiúnta

PN an Mhóinéir Leathain

PN Iarthar na Cathrach & Theach Sagard

PN Leamhcáin

PN Ghleann na hAbhann

PN Scoil Aoife

PN Scoil Choilm

PN Scoil Chormaic

PN Scoil Ghráinne

PN Thamhlachta

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth Dara

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Naomh Mac Dara

Coláiste Pobail na Sceirí

Coláiste Pobail Ériu

Coláiste Pobail Fhine Gall

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail an Ghrífín

Coláiste Pobail Choill an Rí

Coláiste Pobail Na Ciseoige

Coláiste Pobail Leamhcáin

Coláiste Pobail Lusca

Coláiste Pobail Bhaile Lotrail

Coláiste Naomh Fhionáin

Coláiste Pobail Shoid

Coláistí Pobail Ainmnithe

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Coláiste Cois Life

Coláiste de hÍde

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann FE ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Theach na Giúise

Coláistí Pobail Neamhainmnithe

Coláiste Pobail Bhaile Adaim

Coláiste Pobail Ard Giolláin

Coláiste Pobail Bhaile Brigín

Coláiste Chillian

Coláiste Pobail Fóla

Coláiste Pobail Setanta

Coláiste Pobail Dhomhnach Bat

Scoileanna Speisialta

Pobalscoil Speisialta Danú

Scoil Aonad Cúraim Speisialta Cránnog Nua

Scoil Aonad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhúda

Scoil Ospidéil

Pobalscoil an Ospidéil
Athshlánúcháin Náisiúnta

Coláistí Breisoideachais PLC

Institiúid Breisoideachais na
Carraige Duibhe
Institiúid Breisoideachais Dhún Laoghaire
Coláiste Breisoideachais, Dún Droma
Coláiste Breisoideachais An Naigín
Coláiste Breisoideachais
Stigh Lorgan

Ionaid Oideachais & Oiliúna

Ionad Oiliúna Bhaile Mhaoileachlainn
Ionad Traenála Bhaile Dúill
Ionad Traenála Tamhlachta

Ionaid Choinneála

Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh

Seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta

Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
Baile Átha Cliath Thoir Theas
Baile Átha Cliath Thiar Theas

Ionaid Ógtheagmhála

Ógtheagmháil Bhaile Brigín
Ógtheagmháil Bhaile Bhlainséir
Ógtheagmháil Chluain Dolcáin
Ógtheagmháil Leamhcáin
Ógtheagmháil na Prióireachta
Ógtheagmháil Ráth Fearnáin
Ógtheagmháil An Rois
Sportsreach
Ógtheagmháil Shoird

Ógtheagmháil Thamhlachta

An tAonad Tacaíochta agus Oiliúna don
Aos Óg

Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Treorach d'Aosaigh
Oifigeach Forbartha Óige an Chontae
Oifigeach Forbartha do FGL, BTEI
agus SDOG
Oifigeach Forbartha Béarla do Chainteoirí
Teangacha Eile (BCTE)
Oifigeach Forbartha um Dhearbhú
Cáilíochta (DC)
Oifigeach Forbartha do Sheirbhísí
Taighde agus Litearthachta
Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
Comhordaitheoir Réigiúnach na
Seirbhísí Ógtheagmhála

Tá sonraí iomlána faoin méid thuas ar fáil ar shuíomh gréasáin BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: www.BOOÁCDL.ie

AGUISÍN C

Coistí BOO:

An Coiste Airgeadais

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Coiste Óige agus Spóirt

Coistí Ógtheagmhála

AGUISÍN D

Pobalscoileanna ina bhfuil BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún:

Pobalscoil Naomh Tiarnáin

Pobalscoil Bhaile an tSaoir

Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh

Pobalscoil Naomh Aodáin

Pobalscoil Chábán tSíle

Pobalscoil Chúil Mhín

Pobalscoil Thobar an Domhnaigh

Pobalscoil Bhaile an Hartaigh

Pobalscoil an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil

Pobalscoil Chill an Ardáin

Pobalscoil Chnoc Lín

Pobalscoil Mhullach Íde

Pobalscoil an tSeanbhábhúin

Pobalscoil Bhaile Phámar

Pobalscoil Phort Mearnóg

Pobalscoil Naomh Marcas

Pobalscoil Thamhlachta

AGUISÍN E


Cineál Soláthair	Líon Tairbhíthe FET in 2023 ^[1]	Líon Foghlaimeoirí FET in 2023
Soláthar Lánaimseartha		
Printíseacht 2016+	382	382
Oiliúint Printíseachta	1,743	1,743
Oiliúint Chumaisc	352	308
Ionaid Oiliúna Pobail	271	255
Ceardlann Ceartais	49	45
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	238	231
Cúrsa iar-Ardteistiméireachta	4,897	4,462
Cúrsa iar-Ardteistiméireachta roimh Phrintíseacht	59	34
Soláthraithe Sainoiliúna	331	296
Oiliúint Scileanna Sainiúla	2,512	2,273
Fostaithe ar Chúrsa Oiliúna	625	524
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	150	138
Croíghrúpaí SDOG	321	238
Ógtheagmháil	640	433

^[1] Léiríonn an líon tairbhíthe líon iomlán na bhfoghlaimeoirí arna iolrú faoi líon na gcúrsaí ar ghlac siad páirt iontu le linn 2023

IOMLÁN LÁNAIMSEARHA	12,570	11,362
Soláthar Páirtaimseartha		
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	3,457	1,891
Grúpaí Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO)	3,411	1,961
Oideachas Pobail	7,530	3,788
r-Choláiste Ar Líne	64	64
BCTE	8,131	3,574
Oiliúint sa Tráthnóna	1,448	1,256
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna	79	71
ITABE	8	8
Scileanna don Obair	609	453
Scileanna le Dul Chun Cinn	2,024	1,684
Maoiniú Eile	0	0
IOMLÁN PÁIRTAIMSEARHA	26,761	14,750
IOMLÁN	39,331	26,112

Réamhmheastacháin Rannpháirtíochta FET

Clár	Réamhmheastacháin 2023 (Feabhra '23)	Fíorfhigiúirí 2023 (Feabhra '24)
Litearthacht do Dhaoine Fásta	3052	3,457
Printíseacht 2016+	396	382
Printíseachtaí Ceardaíochta	1634	1,743
Oiliúint Chumaisc*	275	352
Grúpaí Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO)	3240	3,411
Oideachas Pobail	5758	7,530
Ionaid Oiliúna Pobail	217	271
BCTE	5610	8,131
Oiliúint sa Tráthnóna	1798	1,448
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	256	238
Cúrsa iar-Ardteistiméireachta	4974	4956
Scileanna don Obair	841	609
Scileanna le Dul Chun Cinn	2050	2,024
Soláthraithe Sainoiliúna	323	331
Oiliúint Scileanna Sainiúla	2377	2,512
Fostaithe ar Chúrsa Oiliúna*	521	625
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	157	150
SDOG	353	321
Ógtheagmháil	693	640
Iomlán	34,807	39,331



GIORRÚCHÁIN

AD	Acmhainní Daonna
ALP	Clár Foghlama Malartach
An Clr	Comhairleoir
ARC&C	Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha eile
BOO	Bord Oideachais & Oiliúna
BOOÁCDL	Bord Oideachais & Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire
BOOÉ	Bord Oideachais & Oiliúna na hÉireann
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BTEI	Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas
Co.Co.	Comhairle Chontae
CP	Coláiste Pobail
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Caighdeán & Cáilíochtaí Éireann
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
FE	Breisoideachas
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
ITABE	Diantheagasc sa Bhunoideachas Aosach
NALA	An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh
NEPS	Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
OSD	Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta
PLC	Cúrsa iar-Ardteistiméireachta
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
PS	Pobalscoil Náisiúnta
PSS	Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
RO	An Roinn Oideachais
SDCC	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
TEL	Foghlaim atá feabhsaithe leis an Teicneolaíocht
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Fón: (01) 4529600

Ríomhphost: info@ddletb.ie

 ddletb.ie

 [@ddletb](https://twitter.com/ddletb)

 [@ddletb](https://facebook.com/ddletb)

 [@ddletb](https://instagram.com/ddletb)

 [@ddletb-learn](https://youtube.com/ddletb-learn)

 [Dublin and Dún Laoghaire ETB](https://linkedin.com/company/dublin-and-dun-laoghaire-etb)

Foghlaim
Gnóthaigh
Éirigh leat